Benefits and contributions are defined by pension scheme deeds and booklets. The scheme provides a pension (one eightieths per year of service), a gratuity or lump sum (three eightieths per year of service) and spouse's and children's pensions. Normal Retirement Age is a member's 65th birthday; pre 2004 members have an entitlement to retire without actuarial reduction from age 60. Pensions in payment (and deferment) normally increase in line with general public sector salary inflation. As this scheme is closed, under the projected unit method, the current service cost will increase as the members of the scheme approach retirement.

SINGLE PUBLIC SERVICE PENSION SCHEME

217 members of this scheme (made up of Active and Deferred members)

The Authority operates the Single Public Service Pension Scheme (Single Scheme) which is the defined benefit scheme for pensionable public servants appointed on or after 1st January 2013. Single Scheme members contributions are paid over to the Department of Public Expenditure, NDP Delivery and Reform. Section 44 of the Public Service Pensions (Single Scheme and Other Provisions) Act 2012 provides for funding of pension payments as they fall due by way of payments out of the Central Fund or from funds provided by the Oireachtas for that purpose.

(A) Analysis Of Total Retirement Benefit Costs Charged To Expenditure	2023 €'000	2022 €'000
Current service cost	5,716	10,441
Interest on pension scheme liabilities	8,585	4,069
Employee contributions	(1,295)	(1,125)
Total Defined Benefit Scheme Costs	13,006	13,385
Other*	513	371
Total	13,520	13,756

*Other costs comprise (1) Income Continuance Premium Payments made of €59k (2022: €48k), (2) €33k (2022: €33k) being the difference between the formerly CERT pension scheme entitlement and the payment of an annuity purchased at the time reduced by (3) contributions refunded €34k (2022: €59k) (4) Single Pension Scheme Contributions Permanent and Fixed Term Contract staff €455k (2022: €349k) paid.

(B) Analysis of amount recognised in Comprehensive Income	2023 €'000	2022 €'000
Experience Gains / (Loss)	(7,146)	89
Changes in Assumptions	(4,808)	107,932
*Actuarial Gain / (Loss)	(11,954)	108,021
*Actuarial Gain / (Loss) recognised by matching funding	5,956	(46,446)
Total	(5,998)	61,575

*Primary factors impacting this amount include assumption changes (the mortality tables used were updated in 2023, discount rate assumption has decreased from 3.7% at YE22 to 3.4% at YE23) and experience items (salary increases were greater than assumed, revaluation of deferred benefits greater than assumed over the year)

Notes to the Financial Statements (continued)

for the year ended 31 December 2023

(C) Movement in Net Retirement Benefit Obligations during the year

	2023 €'000	2022 €'000
Net Pension Liability at 1 January	(231,194)	(334,280)
Benefits paid	9,036	9,575
Transfer payments	-	-
Current service cost	(5,716)	(10,441)
Interest on pension scheme liabilities	(8,585)	(4,069)
Actuarial Gain / (Loss)	(11,954)	108,021
Net Pension Liability at 31 December	(248,413)	(231,194)

(D) Deferred Retirement Benefits Funding

The Authority recognises an asset corresponding to the deferred liability for the Regional Tourism Organisations Pension Scheme, the (formerly CERT) Pension Scheme and the Single Public Service Pension Scheme as set out in the Accounting Policy for pensions.

	2023 €'000	2022 €'000
The (formerly CERT) Pensions Scheme, Regional Tourism Organisation Scheme and the Single Public Service Pension Scheme (Based on the Provisions of the Financial Measures Act 2009).	103,776	95,036
Total	103,776	95,036

The Net Deferred Funding for Pensions recognised in the Income and Expenditure Account is as follows:

	2023 €'000	2022 €'000
Funding Recoverable in respect of current year retirement benefit costs – (formerly CERT) Pensions Scheme and Regional Organisation Tourism Scheme	6,440	6,881
State Grant applied to pay pensioners	(2,966)	(3,159)
Staff Contributions applied to pay pensioners	(692)	(586)
	2,782	3,136

The quantification of the liability is based on the financial assumptions set out in the note below (E).

The assumptions used, which are based on professional actuarial advice, are advised to the Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media.

Notes to the Financial Statements (continued)

for the year ended 31 December 2023

(E) Scheme and Actuarial Assumptions

The valuation of the schemes' liabilities used for the purposes of FRS 102 Section 28 Employee Benefits disclosures has been based on a full actuarial valuation at the 31 December 2023 carried out by a qualified independent actuary. Pension scheme liabilities have been measured using the projected unit method.

Principal actuarial assumptions used to calculate the scheme liabilities:

	31/12/2023	31/12/2022
Discount rate	3.40%	3.70%
Rate of increase in salaries	3.70%	4.00%
Future state pension increases	2.20%	2.50%
Future pension increases *	3.20%	3.50%
Inflation Rate	2.20%	2.50%
Revaluation in deferment**	3.20%	3.50%

Demographic Assumptions

	31/12/2023	31/12/2022
Mortality Pre Retirement	Male 90% of ILT17 Female 90% of ILT17	Male 73% of ILT15 Female 77% of ILT15
Mortality Post Retirement	Male 90% of ILT17 Female 90% of ILT17	Male 58% of ILT15 Female 62% of ILT15
Allowances for future improvements in mortality	Yes	Yes
Retirement Age	New entrants 65, other employees 62***	New entrants 65, other employees 62***
% married at retirement	90%	90%
Age difference between spouses	A male is assumed to be 3 years older than his spouse	A male is assumed to be 3 years older than his spouse

* In the case of the CERT scheme, future pension increases of 3% p.a. are assumed.

** In the case of the CERT scheme, statutory revaluation applies to deferred benefits. For members of the Single Public Service Pension Scheme, pensions increase before and after retirement are in line with price inflation.

*** The retirement age for the CERT pension scheme is 65 for all members.

The mortality basis above explicitly allows for improvements in life expectancy over time, so that life expectancy will depend on the year in which a member attains retirement age. The table below shows the life expectancy for members attaining age 65 in 2023 and 2043.

Notes to the Financial Statements (continued)

for the year ended 31 December 2023

Year of attaining age 65

Life Expectancy – Male

2023

22.3 years

2043

24.6 years

Life Expectancy – Female

24.5 years

26.4 years

(F) History of defined benefit obligations, assets and experience gains and losses

	2023 €'000	2022 €'000	2021 €'000	2020 €'000	2019 €'000	2018 €'000
Defined Benefit Obligations	248,413	231,194	334,280	335,758	309,501	260,718
Experience Gain/(Loss) on Scheme Liabilities						
• Amount (€'000)	7,146	89	5,483	4,544	3,195	7,850
• Percentage of Present Value Scheme Liabilities	2.88%	0.04%	1.64%	1.35%	1.03%	3.01%

28. GOING CONCERN

The Financial Statements have been prepared on the going concern basis. At the time of preparing the 2023 Financial Statements, there is uncertainty as to the continued longer term funding of the National Tourism Development Authority Superannuation Scheme by the Oireachtas as the scheme is not mentioned in the Financial Measures (Miscellaneous Provisions) Act 2009 together with the Public Service Pensions (Single Scheme and Other Provisions) Act 2012 which provides legislative backing to the Group's three other pension schemes.

The Authority has sought assurance from the Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media and the Department of Public Expenditure, NDP Delivery and Reform as to the continued funding of this scheme and to date this assurance has not been received. Accordingly, the Authority has decided not to provide for a deferred asset in the Financial Statements totalling €144.6m (2022 €136m), being the value of the deferred liability of the scheme.

In assessing the going concern position of the Group the Authority has considered the following

1. The Oireachtas continues to provide funding on a pay as you go basis for the National Tourism Development Authority Superannuation Scheme through the annual Estimates process.
2. The organisation is a state body established by the National Tourism Development Authority Act 2003 and 95% funded by the Oireachtas.
3. There are currently no plans to dissolve the organisation.
4. The funding of the pension scheme is an ongoing issue and the Authority has not been given a definitive position that funding will or will not continue.
5. The crystallisation of the potential liability will span a period of 26 years into the future.

Based on the above considerations the Authority members are satisfied that the Group has adequate resources to continue for at least 12 months from the date of approval of these Financial Statements and it is appropriate to adopt the going concern basis in the preparation of the Financial Statements.

The Authority members have also concluded that the uncertainty re the National Tourism Development Superannuation Scheme do not represent material uncertainties that casts significant doubt about the Group's ability to continue as a going concern and on that basis, the Authority will continue to adopt the going concern basis in preparing its Financial Statements.

Notes to the Financial Statements (continued)

for the year ended 31 December 2023

29. IMPACT OF COVID-19

On 8th of May 2023 the World Health Organisation declared that the Covid-19 pandemic was over.

30. CONTINGENT LIABILITY

During 2022 Fáilte Ireland raised an enquiry with Revenue regarding the application of Professional Services Withholding Tax (PSWT) for Event Management Companies. Revenue provide clarity in 2022 and this was implemented from 2022 onward. Revenue are currently carrying out a risk review in relation to the treatment of this for 2022, Fáilte Ireland have provided additional information to Revenue as per its request in early 2024 and are awaiting an outcome.

31. APPROVAL OF FINANCIAL STATEMENTS

These financial statements were approved by the Authority on 26th of July 2024.

Prompt Payments by Public Sector Bodies

Reporting Template pursuant to Government Decision S29296 of 2 and 8 March 2011 and 28 March 2017 by:

The Health Service Executive, the Local Authorities, State Agencies and all other Public Sector Bodies, (excluding Commercial Semi State bodies)

Parent Government Department: Depart of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport & Media

Public Sector Body: National Tourism Development Authority (Failte Ireland)

Period Covered: 1st of January 2023 to 31st of December 2023

Details	Number	Value (€)	Percentage (%) of total number of payments made
Total payments made in year	8979	€103,864,251.83	100%
Payments made within 15 days	5758	€70,151,435.59	64.13%
Payments made within 16 days to 30 days	2888	€31,443,155.34	32.16%
Payments made in excess of 30 days that were subject to LPI and compensation costs	110	€372,540.44	1.23%
Payments made in excess of 30 days that were not subject to LPI and compensation costs	223	€1,897,120.46	2.48%
Amount of late payment interest (LPI) paid in year	N/A	€1,130.68	N/A
Amount of compensation costs paid in Year	N/A	€6,170.00	N/A





tuarascáil bhliantúil

2023

Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Chríoch an 31 Nollaig 2023



**Fáilte
Ireland**

oifigí

CEANNOIFIG - BAILE ÁTHA CLIATH

Áras Fáilte, 88-95 Sráid Amiens
Baile Átha Cliath, D01 WR86

Glaó Áitiúil: 0818 888 800

Ríomhphost: info@failteireland.ie

Web: www.failteireland.ie

Tomhaltóirí: www.discoverireland.ie

CORCAIGH

4ú Urlár Teach an Athar Maitiú,
Sráid an Athar Maitiú,
Corcaigh, T12 TN56

Glaó Áitiúil: 0818 888 800

PORT LÁIRGE

4ú Hurlár, Teach Wallace
Geata Maritana, Sráid Ceanada
Port Láirge X91 PP2R

Glaó Áitiúil: 0818 888 800

SLIGEACH

Áras Reddan, Sráid An Teampaill
Sligeach F91 RX45

Glaó Áitiúil: 0818 888 800

AN IARMHÍ

Teach an Mhargaidh
Sráid an Phiarsaigh
An Muileann gCearr
Contae na hIarmhí N91 PW95

Glaó Áitiúil: 0818 888 800

GAILLIMH

Aonad 5, An Chéad Urlár
Calbro Court, Bóthar Thuama
Gaillimh H91 YKH4

Glaó Áitiúil: 0818 888 800

LUIMNEACH

3ú & 4ú hUrlár, Teach Crescent
Hartstonge Street
Luimneach V94 K35Y

Glaó Áitiúil: 0818 888 800

Tuarascáil agus Ráitis Airgeadais

don Bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023

**DON AIRE TURASÓIREACHTA, CULTÚIR,
EALAÍON, GAELTACHTA, SPÓIRTAGUS MEÁN.**

De réir an Achta um Údarás Náisiúnta Forbartha
Turasóireachta 2003, cuireann Fáilte Éireann a tuarascáil
don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 i láthair.

clár na nábhar

Ráiteas an Chathaoirleach	2
Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh	4
Athbhreithniú ar an Bliain 2023	7
Ráiteas Corparáideach	23
Comhaltaí an Údaráis 2023	26
Struchtúr na Rannán	32
Príomhstaitisticí turasóireachta 2023	33
Ráiteas Éifeachtúlachta Fuinnimh 2023	35
Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite	41
Íocaíochtaí Prasa ó Chomhlachtaí Earnála Poiblí	88




Rialtas
na hÉireann
Government
of Ireland

Tionscadal Éireann
Project Ireland
2040



**Fáilte
Ireland**

“Chuireamar Éire chun cinn mar cheann scríbe turasóireachta inbhuanaithe a chuireann rathúnas eacnamaíoch ar fáil do phobail agus a chosnaíonn ár n-oidhreacht nádúrtha agus thógtha do na glúnta de chuaipteoirí atá le teacht”



Ruth Andrews
Chathaoirleach

Ráiteas an
Chathaoirligh

Ráiteas an Chathaoirligh

Ghlac mé le ról an Chathaoirligh Ainmnithe le Fáilte Éireann deich mí isteach i mbliain inar baineadh an t-uafás amach. Tar éis gairm bheatha ar feadh an tsaoil i dturasóireacht na hÉireann, ba mhór an onóir dom a bheith ceaptha le bheith i gceannas ar an ngníomhaireacht a chuir an oiread sin deiseanna ar fáil dom. Is é an deis atá agam anois ná oibriú le mo chomhghleacaithe Údaráis agus leis an bhfoireann feidhmiúcháin d'fhonn todhchaí inbhuanaithe agus dinimiciúil a chinntiú don turasóireacht in Éirinn.

In 2023, i gcomhthéacs an éilimh iar-Covid, dhírigh Fáilte Ireland ar na dúshláin is mó a bhí roimh an tionscal. Áiríodh orthu sin easnaimh acmhainne inár stoc cóiríochta, brúnna costais boilscithe i ngnólachtaí, tacú le hearcú agus coinneáil foirne agus saincheisteanna iompair a chuaigh i bhfeidhm ar a éasca is a bhí sé do chuairoteoirí bogadh timpeall na tíre.

Bhí iarmhairtí Covid agus tionchar an chogaidh san Úcráin mar chuid den chomhthéacs dúshlánach sin. Cuireadh béim i bhfad níos láidre ar Ghníomhú ar son na hAeráide agus ar an bpráinn mhéadaitheach a bhí leis an ngá le dícharbónú. Mar Údarás, chuir Fáilte Ireland ceannaireacht, saineolas agus tacaíocht phraiticiúil ar fáil chun cur ar chumas gnólachtaí turasóireachta atógáil agus rath a bheith orthu. Chuireamar Éire i suíomh mar cheann scríbe turasóireachta inbhuanaithe a chuireann rathúnas eacnamaíoch ar fáil do phobail agus a chosnaíonn ár n-oidhreacht nádúrtha agus thógtha do na glúine cuairteoirí atá le teacht.

Is é an plean atá againn ná ceannaireacht smaoinimh a chur ar fáil as a n-eascairí nuálaíocht phraiticiúil. Déanaimid é seo le taighde údarásach agus leis an méid a fhoghlaimítear i ngnólachtaí ar fud na tíre a chur i bhfeidhm. Caithfidh dícharbónú agus leabú cleachtas inbhuanaithe trasna na turasóireachta a bheith ina sraith de chéimeanna praiticiúla. Ní coincheapa amháin iad coinneáil agus uasoiúint foirne, is clár iad nach mór a bheith inrochtana agus indéanta i ngnólachtaí de gach méid agus scála. Is é an post atá againn i bhFáilte Ireland ná bogadh ó smaointeoireacht chruthaitheach go cur i bhfeidhm ar an talamh. Trínár gcur chuige láidir comhoibritheach, bhaineamar é sin amach in 2023.

Is tionscal é an turasóireacht atá dírithe ar dhaoine ar bhealach nach bhfuil aon cheann eile agus ba mhaith linn tacaíocht a thabhairt do ghnólachtaí turasóireachta chun tacú lena muintir. I ndomhan atá ag athrú go tapa ó thaobh na teicneolaíochta de, ba mhaith linn a bheith ar thús cadhnaíochta i dtaca le digitiú. Sin iad na treoracha beartais a bhfuil Fáilte Ireland tiomanta dóibh, agus an t-athrú a chuirfimid i bhfeidhm.

Ba mhaith liom beirt shuntasacha a moladh a tháinig romham mar Chathaoirleach. Ba é Tom Coughlan mar Chathaoirleach eatrámhach an duine a tháinig díreach romham, agus táim fíorshásta go bhfuil sé fós mar chuid den údarás agus chríochnaigh Paul Carty a théarma mar Chathaoirleach i mí na Bealtaine 2023. Le linn a théarma stiúir sé Fáilte Ireland agus turasóireacht in Éirinn trí chuid de na laethanta ba dheacra a bhí aici. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don rannchuidiú suntasach a rinne sé le linn na tréimhe sin agus go deimhin le linn a ghairme beatha fada agus clúití sa tionscal. Ba mhaith liom freisin comhghairdeas a dhéanamh le Alice Mansergh a d'fhág údarás Fáilte Ireland in 2023 le bheith ina Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ar Thurasóireacht Éireann agus atá ag comhoibriú linn go dlúth.

Thar ceann chomhaltaí bhord an Údaráis ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil lenár POF Paul Kelly agus aitheantas a thabhairt dá thiomantas. Leanann sé ar aghaidh ag spreagadh agus ag stiúradh ár bhfoirne feidhmiúcháin tiomanta, dream a chuireann athrú substainteach agus nuálaíocht i bhfeidhm le fuinneamh, díograis agus gairmiúlacht. In eagraíocht shuntasach, a fhreastalaíonn ar an tionscal dúchasach is mó in Éirinn, ba mhaith liom freisin aitheantas a thabhairt d'fhoireann Fáilte ar fad as a dtiomantas dúthrachtach, agus as cloí go hiomlán le freagracht Fáilte Ireland mar Údarás Náisiúnta Forbartha na Turasóireachta.

Tá Fáilte Ireland buíoch as ceannaireacht agus tacaíocht leanúnach an Aire atá againn, Catherine Martin, agus tacaíocht oifigigh a roinne.

Gabhaim buíochas le mo chomh-chomhaltaí ar bhord an Údaráis as bhur bhfáilte agus as bhur dtacaíocht. Tá turasóireacht na hÉireann i ndiaidh tosú ar ré nua a bhfuil dúshláin ag baint léi ach a chuireann fíordheiseanna spreagúla ar fáil. Tá Fáilte Ireland réidh chun an tionscal, a mhuintir, na pobail a bhaineann leas as, agus an rud is tábhachtaí ár gcuairoteoirí a threorú agus tacú agus cabhrú leo.

Ruth Andrews
Cathaoirleach

“Is cuid thábhachtach é Ciste um Aistriú Cóir an AE chun tacú le turasóireacht inbhuanaithe agus le pobail inbhuanaithe. D'éirigh le Fáilte Ireland an deis a ghnóthú chun €68 milliún a riar do Scéim Athghiniúna Turasóireachta agus Comhfhobartha Áite 2023–2026 i Lár na Tíre.”

*Paul
Kelly*

Paul Kelly,
Príomhfheidhmeannach
Fáilte Ireland

Ráiteas an
**Phríomh-
fheidhmeannaigh**

Ráiteas an Phríomh-fheidhmeannaigh

Ba í 2023 an chéad bhliain iomlán i ndiaidh Covid. Bhíomar ag súil le bliain mhaith, agus fuaireamar í, ach níor tharla sé sin trí thimpiste, bhí an obair ar fad a rinne an rialtas le linn na mblianta deacra Covid sin, muid féin i bhFáilte Ireland agus ár dtionscal thar a bheith athléimneach ríthábhachtach chun a chinntiú go raibh muid i staid mhaith le leanúint ar aghaidh ag téarnamh go láidir in 2023. Bhí Fáilte Ireland, mar an t-údarás turasóireachta náisiúnta, chun tosaigh le tacaíochtaí praiticiúla, taighde agus ceannaireacht smaoinimh i rith na bliana. Tá sé mar aidhm againn leanúint ar aghaidh ag tógáil tionscal turasóireachta nuálach, inbhuanaithe a chothromaíonn agus a thugann aghaidh ar riachtanais an chuariteora, an tionscail, an phobail agus an chomhshaoil (CTPC).

In 2023 bhí turasóireacht na hÉireann beagnach ag teacht chuici féin go leibhéil 2019 agus tá an chéad bhliain iomlán seo i ndiaidh Covid ina tagarmharc nua don todhchaí. Bhí ioncam agus éileamh láidir. Bhí dúshlán ann lena n-áiríodh boillsí agus toisc gur tógadh 13% dár n-acmhainn leapacha cláraithe chun freastal ar riachtanais dhaonnúla. Ba é an plean a bhí againn ná téarnamh a spreagadh le héileamh idirnáisiúnta agus gnó láidir intíre a choinneáil.

Níos mó ná riamh, bhíomar dírithe ar inbhuanaitheacht comhshaoil agus, nuair is féidir, ar athbheochan comhshaoil, chun cabhrú linn spriocanna uailmhianacha na hearnála um laghdú astuithe carbóin 2030 a bhaint amach. Déanfaimid iarracht cothromaíocht níos fearr fós a bhaint amach idir riachtanais na gCuariteoirí agus an Tionscail agus riachtanais an Phobail agus an Chomhshaoil go háirithe. Is é an sprioc straitéiseach ioncam turasóireachta a uasmhéadú in aghaidh gach cileagraim carbóin a ghintear agus lorg carbóin na turasóireachta a laghdú ag an am céanna.

Cuid thábhachtach de thacaíocht a thabhairt do thurasóireacht agus do phobail inbhuanaithe is ea Aistriú Cóir. D'éirigh le Fáilte Ireland an deis a ghnóthú chun €68 milliún a riar do Scéim Athghiniúna Turasóireachta agus Comhfhorbairtha Áite 2023–2026 i Lár na Tíre. Leis an scéim seo, táimid ag infheistiú i bhforbairt inbhuanaithe na turasóireachta ar bhonn áitiúil, agus é mar aidhm againn an geilleagar a éagsúlú trí phoist a chruthú, tacú le gnáthóga agus bithéagsúlacht agus pobail a chothú go háitiúil.

Sheol Fáilte Ireland ceithre Straitéis Forbartha Turasóireachta Réigiúnacha nua, 2023–2027 ar fud na tíre, a sholáthróidh creat d'fhorbairt inbhuanaithe turasóireachta ar fud na hÉireann. Is creat straitéiseach cúig bliana iad na Straitéisí Sean-Oirthear na hÉireann, Slí an Atlantaigh Fhiáin, Croílár Ceilte na hÉireann agus Baile Átha Cliath a leagann amach cosán soiléir chun eispéiris nua agus fheabhsaithe do chuariteoirí a fhorbairt.

Caithfidh forbairt amach anseo a bheith comhréireach agus inbhuanaithe ar bhealaí a fheabhsaíonn pobail agus a chuireann buntáiste eacnamaíoch chun cinn. Tacófar leis an bhforbairt sin amach anseo trí straitéis dhigiteach nuálach a chuireann ainm gach gnó in airde agus a chuireann fuinneog ar fáil d'áiteanna agus do chaithimh aimsire ar fud na tíre. Is deis agus oibleagáid í an Turasóireacht Inrochtana agus ní mór dúinn glacadh léi. Tríd an méid sin a dhéanamh, ginfimid ioncam breise suntasach agus feabhsóimid ár gcáil dhomhanda mar thír fháilteach, chomhbhách agus nuálach.

Is gnó daoine í an turasóireacht, agus tá Clár Sármhaitheasa Fostóirí Fáilte Ireland ag cur rannpháirtíocht fostaithe chun cinn agus ag cur le tarraingteacht a n-ionad oibre. Tacaíonn an tionscnamh le coinneáil fostaithe agus le gnólachtaí an tallann is fearr a mhealladh chuig a bhfoireann. Cuireann sé béim ar fhostóirí thar thréimhse trí bliana chun a chinntiú go bhfeiceann fostaithe ionchasacha an t-ionad oibre mar áit shásúil agus tharraingteach. Rinne sé dul chun cinn i 2023 agus bhain breis agus 20,000 fostaí san earnáil turasóireachta leas as rannpháirtíocht a bhfostóirí sa chlár. Bhí lúcháir orm gur thug an Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialach aitheantas don chlár seo mar chlár den scoth sa bhaile agus go ndearnadh an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE) amhlaidh go hidirnáisiúnta.

Tá an turasóireacht ríthábhachtach maidir le folláine na gcuairteoirí, na bpobal óstach agus an domhain i gcoitinne. Saibhríonn sé cuairteoirí trí fholláine mheabhrach agus fhisiceach a fheabhsú. Saibhríonn sé saolta na bpobal óstach trí fhostaíocht a sholáthar agus trí áiteanna níos fearr chun cónaí iontu a fhorbairt. Freastalaíonn turasóireacht ar ár bpobal domhanda trí thuiscint a mhéadú agus naisc a thógáil. I bhfianaise na mbuntáistí seo go léir, tá sé ríthábhachtach go leanfaimid orainn ag forbairt na turasóireachta go hinbhuanaithe agus tá sé mar aidhm againn é sin a dhéanamh.

Teastaíonn daoine cumasacha agus spreagtha lena chur i bhfeidhm. Ó na bainisteoirí sinsearach a thacaíonn liom, go dtí an fhoireann a thugann a gcuid oibre go léir chun é a chur i gcrích, gabhaim buíochas ó chroí leo ar fad. Tuairiscím do bhord atá tiomanta dár misean "Éire a fheabhsú trí thurasóireacht agus Éire a fheabhsú do thurasóirí" agus lenár nÚdarás tá treo straitéiseach soiléir agus aillínithe againn. Is é Fáilte Ireland suim ár gcuid oibre ar fad, agus ár gcomhpháirtíochtaí luachmhara leis an tionscal agus le páirtithe leasmhara. Is foireann sinn, agus in 2023 bhí ról againn go léir ag obair ar son na turasóireachta in Éirinn.

Paul Kelly
Príomhfheidhmeannach Fáilte Ireland



athbhreithniú ar an mBliain 2023

1 DEDP
nua seolta



Tá
24
DEDP Gníomhach
san iomlán anois

Tá 9
gcinn eile
á bhforbairt



Forbairt agus Dáileadh Cinn Scríbe

I mí na Bealtaine 2023, sheol Fáilte Ireland ceithre straitéis forbartha turasóireachta réigiúnacha ar leith do Shlí an Atlantaigh Fhiáin, Sean-Oirthear na hÉireann, Croílár Ceilte na hÉireann agus Réigiún Bhaile Átha Cliath. Leagamar amach fíis deich mbliana agus straitéis cúig bliana a fhaigheann tacaíocht anois ó 24 Plean Forbartha Ceann Scríbe agus Eispéireas mionsonraithe (DEDP). Faoi dheireadh 2025 beidh 34 plean san iomlán. Is straitéis é seo chun fás a chur chun cinn i dtreo na hacmhainne atá ar fáil, an séasúr a leathnú agus tionscal na turasóireachta agus na pobail ina gcónaíonn siad agus ina mbíonn siad ag trádáil a chothú.

In 2023 leanamar ar aghaidh ag cur ár bpíblíne náisiúnta de 27 ní is díol spéise ar mhórsála chun cinn. Osclaíodh dhá cheann: Teach agus Gairdíní Bhruachaille, i gCo. Phort Láirge agus an tIonad Náisiúnta Surfála nua sa Leathros, Co. Shligigh. Le maoiniú bronnta faoi Oileán Comhroinnte, d'fhorbair Fáilte Ireland, Turasóireacht Éireann agus Turasóireacht Thuaisceart Éireann togra comhpháirteach do bhrandaí Shlí an Atlantaigh Fhiáin agus Bealach Cósta Chlochán an Aifir. Cuirfidh an ciste seo le huaimhian Straitéis Forbartha Turasóireachta Réigiúnach Shlí an Atlantaigh Fhiáin 2023-2027. Nuair a bheidh sé críochnaithe cinnteoidh sé seo go mbeidh cuairteoirí spreagtha chun an dá eispéireas a fhiosrú, fanacht níos faide agus níos mó a chaitheamh.

Agus Éire ag bogadh i dtreo gheilleagair ísealcharbóin, cuirfidh Fáilte Ireland an Scéim Athghiniúna Turasóireachta agus Comhforbartha Áite ar fáil do Lár na Tíre 2023-2026 na hÉireann mar chuid de Chiste um Aistriú Cóir an AE. Tríd an scéim seo, déanfaimid infheistíocht i bhforbairt inbhuanaithe na turasóireachta i Lár na Tíre agus é mar aidhm againn an geilleagar réigiúnach a éagsúlú trí phoist a chruthú, tacú le gnáthóga agus bithéagsúlacht agus pobail a chothú.

Seoladh ceithre
**straitéis turasóireachta
réigiúnacha**
nua, agus sraith de
**phleananna forbartha
ceann scríbe**
mar bhonn agus mar thaca acu





Eacnamaíocht



Tionchar Eacnamaíoch
€4.6m

Tinreamh



43,647
sa lucht freastail,
+21% ar
thinreamh 2022.

Sásamh Custaiméirí



Bhí **74%** de na
cuartheoirí 'sásta' nó 'thar
a bheith sásta' lena
n-eispéireas féile. Méadú
17% ó 2022.

D'fhan cuairteoirí níos déanaí



D'fhreastail
+50% ar
2 lá ar a laghad den
Fhéile Púca ceithre lá

Cuartheoirí Idirnáisiúnta



Óstáladh **16** ceannaitheoir
idirnáisiúnta agus
19 meán idirnáisiúnta ar
fud na bpríomh-mhargáí.

Rochtain na Meán



800+m
rochtain na meán
(intíre agus
idirnáisiúnta).

Fuair Fáilte Ireland €68m de mhaoiniú faoin Scéim Athghiniúna Turasóireachta & Comhfhorbartha Áite do Lár na Tíre 2023-2026 na hÉireann, a chuirfear ar fáil trí shraith clár maoinithe. Tabharfar tacaíocht do thart ar 200 tionscadal thar an tréimhse agus tá foireann inmheánach thrasfheidhmeach bunaithe ag Fáilte Ireland chun an clár bunathraithe seo a sheachadadh.

Chun eispéireas na gcuartheoirí a fheabhsú, d'oibríomar le 45 príomhfhéile agus thugamar tacaíocht do 200 eile trínár maoiniú réigiúnach le húdarais áitiúla. Tá sé tábhachtach an séasúr a leathnú agus d'éirigh leis na féilte, an Geimhreadh i mBaile Átha Cliath agus Púca gnó a scaipeadh i rith na bliana in 2023. D'fhreastail 44,000 duine ar an bhFéile Púca 2023 agus ba mhéadú é sin ar 2022.

Meallann mórimeachtaí idirnáisiúnta cuairteoirí agus cuireann siad ardán ar fáil thar lear d'Éirinn. Mheall Sraith Peile Choláiste Aer Lingus 40,000 cuairteoir in 2023, rud a chruthaigh borradh €180 milliún do gheilleagar na hÉireann. Mar chuid de chomhaontú urraíochta leanúnach cúig bliana beidh Éire ina hóstach ar Georgia Tech in éadan Florida State in 2024.

Eacnamaíocht



Tionchar Eacnamaíoch
€3m

Tinreamh



Freastal measta ar
an bparáid
25,000

Sásamh Custaiméirí



80% leibhéal
Sásaimh fhoriomláin,
+14% in 2022

Oícheanta aíochta



Cuartheoirí a fhanann
thar oíche suas ó **19%**
in 2022 go **34%**
in **2023**

Fad na cuairte



Mhéadaigh fad na
cuairte ar an meán
ó **4.4** lá in 2022 go
5 lá in **2023**

Áitíocht Óstáin



Méadú **13%**
ar áitíocht
óstáin ar an
31 Nollaig



Féile Naomh Pádraig Bhaile Átha Cliath

Eacnamaíocht



Tionchar Eacnamaíoch
€113m
thar 5 lá

Tinreamh



Freastal measta
ar an bparáid
599,588

Cuairteoirí Idirnáisiúnta



31%

Fad na cuairte



Ar an meán, chaith cuairteoirí ó thíortha thar lear a tháinig chuig Féile Naomh Pádraig 2023
8 n-oíche
in Éirinn

Cuairteoirí Rochtain na Meán



Beoshruith Pharáid Bhaile Átha Cliath:
3.4m
lucht féachana ó na Stáit Aontaithe

Sásamh Custaiméirí



86%



438

imeacht gnó curtha ar siúl ar luach

€213m

427

imeacht gnó amach anseo faighte ar luach

€191m

Is ceann scríbe domhanda í Éire don ghalf agus meastar gur fiú níos mó ná €300 milliún in aghaidh na bliana don gheilleagar í an turasóireacht gailf. Ba é ár bhfócas in 2023 ná an Craobhchomórtas Oscailte Gailf na hÉireann a óstáil ag an gClub K, Craobhchomórtas Oscailte Gailf na hÉireann de chuid na mBan i gCaisleán Dhrom Ólainn agus Camchuairt na Legends i Rinn na Mara. Craoladh Craobhchomórtas Oscailte Gailf na hÉireann féin i 60 tír ar chainéil traidisiúnta mar Sky Sports agus NBC Golf Channel agus sruthú ar líne, agus 300 milliún lucht féachana ar fud an domhain ag amharc air. Déanann an rath seo, in éineacht le Royal Portrush ag óstáil Craobh Oscailte na Breataine in 2025, agus Adare Manor ag óstáil Chorn Ryder in 2027, acmhainneacht na turasóireachta gailf ar fud an oileáin a uasmhéadú. Is fiú turasóirí gailf trí huaire níos mó ná an gnáththurasóir fóillíochta, agus chun é seo a uasmhéadú, táimid ag obair anois ar straitéis gailf nua chun caiteachas a dhíghlasáil agus tacú le turasóireacht ar fud na hÉireann.

Tá turasóireacht ghnó luachmhar d'Éirinn agus meastar gur fiú dhá oiread luach na gcuairteoirí fóillíochta do chuairteoirí imeachtaí gnó. Tá imeachtaí gnó domhanda dírithe níos mó ar an tionchar ar an gcomhshaoil agus ar na tairbhí pobail a fhágtar ina ndiaidh sna cinn scríbe. Bhí tionchar ag imeachtaí cianoibre agus fíorúla ar thaisteal ar ghnó, ach tá comhdhálacha agus imeachtaí corparáideacha tar éis teacht ar ais go láidir mar go soláthraíonn siad timpeallacht foghlama agus líonraithe nach furasta a mhacasamhlú ar líne. Leanfaidh tairbhí sóisialta, comhshaoil agus eacnamaíoch de bheith ríthábhachtach do rathúlacht fhadtéarmach na hearnála. Díreoidh straitéis nua d'Imeachtaí Gnó, arna forbairt ag Fáilte Ireland, Turasóireacht Éireann agus ár Roinn ar na tairbhí sin d'Éirinn a uasmhéadú agus foilseofar í in 2024.

Chun ceannaireacht smaointeoireachta a iompú ina straitéis agus cúrsaí gnó ina dhiaidh sin, ní mór an fhoghlaim a chur i bhfeidhm, agus caidrimh a chruthú agus tabhairt faoi bhearta gnó. I gcomhpháirtíocht le Turasóireacht Éireann, chabhraigh muid leis na céadta gnó turasóireachta leas a bhaint as ardáin díolacháin thar lear agus smaointe a chuir i láthair cheannaitheoirí idirnáisiúnta agus tionscnóirí turas ag imeachtaí ar nós Meitheal 2023. Chuir 450 soláthraí turasóireachta Éireannach a smaointe i láthair 232 ceannaitheoir idirnáisiúnta agus tionscnóirí turas ó 17 dtír. In éineacht le himeachtaí díolacháin i margáí eile, turais isteach do thionscnóirí turas idirnáisiúnta, tionscnaimh mhargaloíochta agus dhigiteacha, tacaíonn Fáilte Ireland le turasóireacht na hÉireann ag gach pointe den phróiseas.



450

soláthraí Éireannach



232

ceannaitheoir idirnáisiúnta ó 17 dtír



750+

meán idirnáisiúnta arna
óstáil ó 14 mhargadh



Golf Ireland

Craoladh Oscailte
Gailf na hÉireann
i **60 tír**
agus d'fhéach

300m
lucht
féachana
air



Sraith Peile Coláiste
AerLingus D'fhan

40,000

cuaríteoir ó thíortha
thar lear

**7-10 lá ar
an meán,**

tionchar eacnamaíoch de

€180m

“ Dhírómar ar cheantair a athrú ó thaobh an gheilleagair de agus rochtain a sholáthar ar ár dtírdhreach sárscéimhe agus cultúrtha.”



Amach faoin Spéir a Oscailt

Tá an taobh amuigh, agus an mothúchán de shaoirse agus nasc leis an dúlra mar chuid thábhachtach den rud a lorgaíonn cuairteoirí. Leanadh ar aghaidh le forbairt agus seachadadh Glasbhealaí timpeall na hÉireann in 2023. Dhíríomar ar cheantair a athrú ó thaobh na heacnamaíochta de agus rochtain a sholáthar ar ár dtírdhreach sárscéimhe agus cultúrtha. Déanann glasbhealaí é seo ar bhealach inbhuanaithe agus cuimsitheach, ag nascadh bailte agus sráidbhailte agus ag soláthar eachtraí gan teorainn do phobail áitiúla agus do chuairteoirí.

I mí Dheireadh Fómhair 2023 d'óstáil Fáilte Ireland breis agus 100 forbróir Glasbhealaí agus páirtithe leasmhara seachtracha ag Comhdháil na nGlasbhealaí, ag tabhairt le chéile dea-chleachtas agus ardán chun eolas a roinnt. Oibrímid go dlúth le páirtithe leasmhara seachtracha ar fhorbairt a dhéanamh ar phleananna léirmhínithe, bealaí agus comharthaíochta ar an nGlasbhealach, ag forbairt caighdeán na léirmhínithe, na beochana agus na scéalaíochta feadh na slí atá ina ngné riachtanach don chuairteoir. Glacadh go foirmiúil le Plean Cosán Shlí Bhéara Breifne in 2023.

Glacadh go foirmiúil le Plean Cosán Shlí Bhéara Breifne in 2023. Is é an cosán siúil is faide in Éirinn é a chlúdaíonn 700km ó Oileán Baoi ar Leithinis Bhéarra go dtí An Bhlaic i gCo. an Chabháin. Téann an bealach tríd an réigiún branda eispéireas i gCroílár Ceilte na hÉireann, agus trasnaíonn sé Slí an Atlantaigh Fhiáin agus Sean-Oirthear na hÉireann. Leanfar leis an obair in 2024 chun an Béarra Breifne a chur chun cinn mar eispéireas íocónach i gCroílár Ceilte na hÉireann. Is é an chéad chéim ná múnla rialachais a chomhaontú amach anseo.

Ar mhaithe leis an saol amuigh faoin spéir i gceantair uirbeacha a chuir ar na súile do dhaoine, thacaigh Fáilte Éireann le hinfheistíocht i sé thionscadal beochana uirbeacha, tá ceithre cinn acu sin beagnach críochnaithe, agus críochnaíodh seacht bhfeabhsúchán na ríochta poiblí faoi scéim na mbailte ceann scríbe. Seachadadh ceithre thionscadal Bia Amuigh Faoin Spéir, ag cur beagnach 460 suíochán bia breise lasmuigh leis na 4,000 suíochán a seachadadh cheana féin. Mar thoradh ar Covid-19, tá an-tóir i gcónaí ar bhia amuigh faoin spéir agus anois tá sé ag éirí níos praiticiúla.

Tiomáinte ag léargas tomhaltóirí agus aghaidh a thabhairt ar bhearna inár ngníomhaíochtaí a chuirimid ar fáil do chuairteoirí, d'infheistigh Fáilte Ireland i bhfiche Saoráid Spóirt Uisce ar fud na tíre agus cuirfear tús le tógáil ar roinnt díobh seo in 2024. Tá obair ag leanúint ar aghaidh le Coillte ar na cúig ionad barr feabhais rothaíochta sléibhe le breis agus 170 km de chosáin críochnaithe agus oscailte.


Agus muid ag obair le hUiscebhealaí Éireann, thugamar dhá Ghormbhealach nua chuig caighdeán creidiúnaithe. Rinneadh Comhpháirtíocht an Ghormbhealaigh Árainn Mhór-Ailt an Chorráin / Arranmore-Burtonport Blueway a chreidiúnú in 2023, agus bhí sé ar an gceathrú Gormbhealach creidiúnaithe ar Oileán na hÉireann agus an chéad Ghormbhealach cósta agus an chéad Ghormbhealach Atlantach. De réir a chéile ní féidir ár dtírdhreach agus ár n-uisc a mheas go héighníomhach amháin, ach a bheith saite go gníomhach iontu, ar bhealaí atá spreagúil, teiripeach agus taitneamhach do chuairteoirí.

Digiteach atá ag Soláthar

Is tionscnamh ceannródaíoch é Digiteach atá ag Soláthar ó Fáilte Ireland atá deartha chun claochlú digiteach a chumhachtú ar an earnáil eispéireas cuairteoirí (nithe is díol spéise do chuairteoirí, soláthraithe gníomhaíochta agus turais lae). Ba í 2023 an tríú bliain den chlár a chuidigh le láithreacht na gcéadta eispéireas cuairteoirí ar líne a athrú ó bhonn, rud a chuir athrú céime ar fáil ina ndíolachán ar líne, ina gcumas digiteach agus ina n-éifeachtúlacht oibriúcháin. Agus é ar siúl thar thréimhse dhá bhliain, cuireann an clár oiliúint, sainchomhairle agus tacaíocht airgeadais ar fáil do ghnólachtaí rannpháirteacha chun príomhthionscadail dhigiteacha a sheoladh, na scileanna digiteacha a fhorbairt agus tuilleadh díolacháin a thiomáint trí dháileadh níos leithne ar líne.

Le linn 2023 earcaíodh ár dara cohórt de 270 gnólacht isteach sa chlár, agus lean an chéad iontráil de 240 gnólacht ar aghaidh tríd an gclár agus críochnóidh sé é go luath in 2024. Ó 2021 i leith bronnadh €8.4 milliún san iomlán i maoiniú cúnaimh deontais chun breis agus 1,000 tionscadal sruth oibre digiteach aonair a sheachadadh.

Táimid ag súil go mbeidh gníomhaíocht eacnamaíoch bhreise de €408 milliún mar thoradh ar an infheistíocht seo thar thréimhse 10 mbliana, ag tacú le 11,000 post inbhuanaithe. Léiríonn sé seo tuairisceán €9 do gach €1 atá infheistithe nó €2 i dtuairisceáin chánach do gach €1 d'infheistíocht phoiblí. Léirigh athbhreithniú eatramhach ar fheidhmíocht clár le sampla ionadaíoch den chéad cohórt gnólachtaí a chríochnaigh an clár a rinneadh i Meán Fómhair 2023 go raibh an clár ag feidhmiú i gcomhréir lena spriocanna.



Gníomhú ar son na hAeráide a Spreagadh

Is dúshlán ríthábhachtach dár gcuid ama é Gníomhú ar son na hAeráide agus an dícharbónú a theastaíonn chun é a sheachadadh. Tá sé ar cheann de na dúshláin agus na deiseanna is mó atá roimh ghnólachtaí turasóireachta sa lá atá inniu ann. Sainmhíníonn Eagraíocht Dhomhanda Turasóireachta na Náisiún Aontaithe (UNWTO) turasóireacht inbhuanaithe mar rud a chuireann san áireamh go hiomlán a tionchair eacnamaíocha, shóisialta agus chomhshaoil atá ann faoi láthair agus amach anseo, ag tabhairt aghaidh ar riachtanais na gcuaríteoirí, an tionscail, an chomhshaoil agus na bpobal óstach.

Chun ár dtiomantais inbhuanaitheachta agus aeráide a threisiú, bhunaigh Fáilte Ireland rannán nua um Gníomhú ar son na hAeráide. Tá sé mar aidhm ag an rannán seo ceannaireacht smaointeoireachta a thairiscint agus straitéis a chur i bhfeidhm a thugann léargas phraiticiúla agus céimeanna inghníomhaithe do ghnólachtaí turasóireachta chun tionchar dearfach a imirt. Agus costais ardaithe ag dul i bhfeidhm ar an earnáil, is bealach cliste é astaíochtaí carbóin a laghdú do ghnólachtaí chun airgead a shábháil agus a gcáil mar ghnó turasóireachta inbhuanaithe a threisiú. Ba é an fócas a bhí againn in 2023 ná na bloic thógála do Chlár tiomnaithe um Gníomhú ar son na hAeráide don turasóireacht a chur i bhfeidhm go luath in 2024.

In 2023 bhíomar rannpháirteach go mór i gcomhairliúchán le páirtithe leasmhara ar fud thionscal na turasóireachta lena chinntiú go cheapamar clár a d'fhreastail ar riachtanais an tionscail. D'fhorbraíomar dlúth-chomhpháirtíocht le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (ÚFIÉ) a aithníodh mar phríomh-pháirtí leasmhar chun tacú le gnólachtaí turasóireachta le cúnamh deontais agus tacaíocht airgeadais chun gníomhú fiúntach ar son na haeráide agus iarrachtaí laghdaithe carbóin a chur chun cinn ar fud earnáil na turasóireachta.

Ciallaíonn turasóireacht inbhuanaithe go n-éiríonn ár dtionscal ina thionscal atá athléimneach ó thaobh an gheilleagair de, scaipthe go réigiúnach agus scaipthe go séasúrach, a chomhlíonann a spriocanna maidir le gníomhú ar son na haeráide. Is tionscal é a chuireann sásamh den scoth ar fáil go seasta do chuaríteoirí agus a thugann luach saothair do ghairmeacha foirne, agus ag an am céanna a chuireann go mór le pobail áitiúla.



Gairmeacha Turasóireachta

Níl fáilte ar bith ann gan daoine croíúil, díograiseacha, cumasacha ag teacht le chéile agus ag idirghníomhú lenár gcuidairteoirí. Tá daoine mar sin i róil atá dírithe ar chustaiméirí de dhíth ar ár dtionscal turasóireachta, agus go leor eile i bpríomhróil a bhfuil an t-eolas agus na scileanna acu chun nuálaíocht a dhéanamh agus athléimneacht agus iomaíochas a chothú. I gcroílár na turasóireachta tá an fíor-díograis sin fáilte a chur roimh chuidairteoirí, in éineacht leis an oiliúint agus na hinniúlachtaí a chruthaíonn gairmeacha fiúntacha i dtionscal iontach.

D'éirigh le Fáilte Ireland ár gClár um Shármhaitheasa Fostóirí a fhorbairt chun tacú le gnólachtaí daoine iontacha a mhealladh agus tacú leo agus chun tógáil ar tharraingteacht a n-ionad oibre agus ár dtionscail. Táimid tiomanta do chuidiú le hearnáil na turasóireachta dul i ngleic le ceann de na dúshláin is mó atá aici. Ceann acu sin is ea coinneáil foirne. Mhóthaigh gach gnó an brú a bhaineann le hiarracht a dhéanamh an tallainne is fearr a mhealladh le bheith ina fhoireann. Is é an Clár um Shármhaitheasa Fostóirí, an marc dearbhaithe cáilíochta a chuideoidh lenár ngnólachtaí a lánacmhainneacht a fhostú agus a bhaint amach trí rannpháirtíocht fostaíthe a thiomáint agus cultúr sármhaitheasa a chothú san ionad oibre.



Ba cheiliúradh iad na chéad dámhachtainí um Shármhaitheasa Fostóirí de chuid Fáilte Ireland i mí Aibreáin 2023 ar na gnólachtaí a leag síos caighdeán an tionscail do rannpháirtíocht fostaithe agus do chultúr an ionaid oibre in earnáil na turasóireachta. Tá níos mó ná 250 gnó agus 27,000 fostaí turasóireachta faoi thionchar an chlár anois, rud a léiríonn níos mó ná 10% d'fhórsa saothair na hearnála. Tá a dtuairimí ag athrú chun feabhais agus tá bealaí gairme níos feiceálaí. Téann fostaithe chun cinn níos tapúla san earnáil turasóireachta ná in earnálacha eile.

Tá moladh tuillte ag an gclár oibre seo sa bhaile ón gComhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialach (CNES) agus thar lear ón gCoimisiún Eorpach agus ón Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE).


Tá gnólachtaí ag feabhsú an chaoi a dtéann siad i dteagmháil le fostaithe lena n-áirítear trí thuastail agus sochair chomh maith le cothromaíocht saoil oibre feabhsaithe a sholáthar. Déanann sé seo an earnáil níos tarraingtí ó thaobh solúbthachta uaireanta de.

Chun a chinntiú go bhfeicfear an earnáil amach anseo mar earnáil a thairgeann rogha gairme atá fiúntach agus inchreidte, chuireamar clár cuimsitheach cumarsáide ar fáil freisin chun díriú ar mhac léinn chomh maith le múinteoirí agus treoirchomhairleoirí i rith na bliana. In 2023, chuamar i dteagmháil go díreach le 80,000 mac léinn dara leibhéal agus treoirchomhairleoirí chun cúrsaí agus gairmeacha san earnáil a chur chun cinn.

Chun cultúr forbartha gairmiúla a thiomáint, sheolamar ár n-ardán foghlama ar líne nua LearniFI. Thacaigh sé sin le gnólachtaí a gcuid foirne a mhéadú ó thosaithe nua go bainisteoirí a chlúdaíonn réimsí amhail modúil ionduchtúcháin agus forbartha gairmiúla a bhaineann le feidhmíocht ghnó a thiomáint. Bhain breis agus 5,000 fostaí leas as an uasoiliúint seo i rith na bliana.

learnifi

Ardán nua foghlama
ar líne seolta



5,000
fostaí
vasoilte

Clár na hIdirbhliana



170+
gnó
rannpháirteach

**Glacadh
83%**
le socrúcháin
oibre ag daltaí



TourismCareers.ie



2,300
gnó dearbhaithe
cáilíochta



4,500
'doras tosaigh'



2,160
measúnú
cáilíochta



laistigh den



**Chreat Náisiúnta
um Dhearbhu Cáilíochta**



154

réadmhaoin
nua
ceadaithe

Coinnigh ort agus Fás

Is é an fáth a bhfuil Fáilte Ireland ann chun tacú le fiontair turasóireachta. Is ann a thagann an teoiric i dteannta an chleachtais, agus cuireann an cheannaireacht smaointeoireachta údaráis náisiúnta cabhair ar fáil le cur chuige teagmhálach. Mar chuid den obair sin, cabhraímid leis an rialtas agus le gníomhaireachtaí eile trí ionchur a dhéanamh i bplé beartais agus trí thaighde údarásach a sholáthar.

I measc na dtionscadal a cuireadh i gcrích in 2023 bhí taighde ar:

- Tionchar Glan na Paidéimeach ar Thuilleamh Turasóireachta
- Praghsáil Tomhaltóirí & Costas Tagarmharcála Gnó
- Na hImpleachtaí Párolla maidir le hAthruithe Beartais
- Carranna a Roinnt & Carranna ar Cíos: Athbhreithniú ar Mhargai
- Anailís ar Sholáthar Leapa, agus scrúdú ar Phraghsáil maidir le hÓstáin Bhaile Átha Cliath.


Mar chuid de straitéis Tithíocht do Chách an Rialtais, lean Fáilte Ireland lena chuid oibre chun clár a bhunú de suas le 31,000 ligean ghearrthéarmach turasóireachta (STTL) atá á bhfógairt do thurasóirí faoi láthair. In 2023 d'oibríomar go dlúth lenár máthair-roinn chun tacú le hullmhú na reachtaíochta agus chuamar i dteagmháil le Coimisiún an AE chun an reachtaíocht a bhreithniú. Seolfar an clár nuair a bheidh an reachtaíocht aachtaithe.

Rinneadh anailís leathan ar gach gné den tairiscint turasóireachta i mBaile Átha Cliath a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar phraghsáil ar óstáin ar iarratas ónár máthair-Roinn. Glacadh cur chuige láidir fianaise-bhunaithe a bhain leas as sonraí neamhspleácha tríú páirtí ar an leibhéal intíre agus idirnáisiúnta. Fuarthas amach inár n-anailís go bhfuil praghsáil maidir le hóstáin i mBaile Átha Cliath inchomparáide a bheag nó a mhór lena fhoireann iomaitheoirí.

Cuireann scéimeanna dearbhaithe cáilíochta cóiríochta Fáilte Ireland siombailí agus caighdeán seirbhíse atá so-aitheanta ar fáil do thomhaltóirí ar féidir leo muinín a bheith acu iontu, cuidíonn siad le margaíocht agus tacaíonn siad le forbairt táirgí. In 2023 forbraíodh próiseas athnuachana clárúcháin sruthlínithe nua chun é a dhéanamh níos tapúla agus níos éasca do na 2,300 gnólacht Dearbhaithe Cáilíochta (4,500 réadmhaoin aonair) a gclárúchán a athnuachan.

Tacaíonn Fáilte Ireland le gnólachtaí oiriúnú agus forbairt a dhéanamh le raon tacaíochtaí agus scéimeanna. In 2023, chabhraigh muid le breis agus 1,100 gnólacht feidhmíocht níos fearr a bhrú chun cinn thar phríomhdhisciplíní gnó trí raon leathan tacaíochtaí fiontraíochta. Rinneamar an margadh do chumais a mhapáil agus d'fhéachamar ar a raibh á sheachadadh. Chun tacaíochtaí níos fearr a sholáthar shínigh muid Meabhrán Tuisceana (MOU) le Skillnet agus le hOifigí Fiontair Áitiúla chun comhpháirtíocht a dhéanamh maidir le tacaíochtaí cuíchóirithe, éasca le rochtain agus ábhartha a sholáthar. Chun bealach soiléir a sholáthar chun tacaíochtaí a rochtain, nuair is cuí, cuirfimid comhartha ar a chéile agus oibreoidimid le chéile chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí scileanna. Cinnteoidh sé sin go mbeidh rochtain ar thacaíochtaí cuí soiléir, go n-íoslaghdófar an dúbailt agus go n-uasmhéadófar an toradh ar infheistíocht.

Is tionscnamh nua é Clár Oibríochtaí Cliste Fáilte Ireland chun tacú le hatheagrú agus athshamhlú múnlaí seachadta oibríochtúla i ngnólachtaí. Is é an cuspóir atá aige ná éifeachtúlachtaí a thiomáint agus costais a laghdú agus eispéireas iontach custaiméara á sheachadadh ag an am céanna. Dírítear ar fheidhmíocht oibríocháin fheabhsaithe sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma. Seo mar is féidir le Fáilte Ireland oibriú le gnólachtaí chun athrú a threorú, é a thomhas, agus cur le hinbhuanaitheacht agus inmharthanacht.




350
gnó

a fuair tacaíocht faoin bpróiseas bainistíochta príomhchuntais

learnifi

Ardán nua foghlama ar líne seolta



5,000
fostaí uasoilte



Dlús a chur leis an Éileamh Intíre

Ba í 2023 an chéad bhliain iomlán taistil tar éis Covid-19. Thosaigh sé le dóchas ach le mothú éiginnteachta. Bhí rochtain aeir dothuartha, agus ní raibh sé soiléir cén chaoi a roghnódh daoine dul ar saoire nó taisteal ar ghnó. Dhírigh muid ár n-iarrachtaí ar thurasóireacht intíre a thiomáint trí dhaoine a spreagadh chun bealaí nua a aimsiú chun Coinneáil ag Tóraíocht fud na tíre, agus ba ghairm éifeachtach chun gnímh a bhí ann. Mheabhraigh sé do dhaoine sa bhaile gur rogha éasca é sos gairid a ghlacadh in Éirinn a chuireann raon spreagúil rudaí ar fáil le feiceáil agus le déanamh ar fud na tíre. Shroich an feachtas Coinnigh ort ag Tóraíocht 99.4% de na daoine fásta go léir i bPoblacht na hÉireann agus 90.7% de na daoine fásta go léir i dTuaisceart Éireann.

Chun an spreagadh ar éileamh a bhainistiú níos fearr, dhírigh muid ar réimsí le hacmhainn ag na hamanna cearta den bhliain. Ba é an toradh a bhí air seo ná monatóireacht a dhéanamh ar an gcumas chun a chinntiú nach n-ardóidh tú rátaí nuair a spreagann tú éileamh.

Seachadadh feachtas suntasach Coinnigh ort ag Tóraíocht chun daoine a spreagadh sos a ghlacadh le linn an earraigh don chéad deireadh seachtaine riamh de Lá Fhéile Bríde, chomh maith do Lá Fhéile Pádraig agus don Cháisc. Bhain Fáilte Ireland feidhm as teilifís, raidió, preas, ar líne, digiteach, sóisialta agus caidreamh poiblí. Bhaineamar úsáid freisin as ár nUrraíocht ar Chúrsaí Aimsire le RTÉ chun taisteal a spreagadh ar feadh na bliana, ag taispeáint cinn scríbe éagsúla ar fud na tíre.

Tá an tÚdarás freagrach as a chinntiú gur chomhlíon Fáilte Ireland ceanglais an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016, arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016.

Ceanglaítear na nithe seo a leanas a nochtadh faoin gCód:

Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha d'Fhostaithe (féach ar nóta 8 leis na Ráitis Airgeadais)

Costais Chomhairliúcháin (féach ar nóta 11 leis na Ráitis Airgeadais)

Níor tabhaíodh aon chaiteachas sa tréimhse tuairiscithe maidir le costais dlí, socraíochtaí agus imeachtaí idir-réitigh agus eadrána a bhaineann le conarthaí le tríú páirtithe. Nochtar caiteachas a thabhaítear maidir le comhairle ghinearálta a fhaigheann Fáilte Ireland mar chuid de chostais chomhairleachta (féach ar nóta 11 leis na ráitis airgeadais).

Caiteachas Taistil agus Cothabhála (féach ar nóta 9 leis na Ráitis Airgeadais)

Caiteachas Fáilteachais (féach ar nóta 10 leis na Ráitis Airgeadais)

Ráiteas Comhlíonta

Ghlac an tÚdarás leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) agus tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm chun comhlíonadh an Chóid a chinntiú. Bhí cás amháin ag Fáilte Ireland agus a Fhochuideachtaí de neamhchomhlíonadh an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit do 2023, nuair a sháraigh earráid dhaonna luach tairisí phróiseas soláthair trí luachan agus ba cheart go ndeachaigh an conradh ábhartha ar aghaidh chuig tairiscint náisiúnta. Tá sonraí breise ar fáil sa Ráiteas ar Rialú Inmheánach.



Ruth Andrews Cathaoirleach

Dáta: 19/08/2024



Dónall Curtin Comhalta Údaráis

Dáta: 19/08/2024

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta Thithe an Oireachtais

Tuairim cháilithe ar na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Údaráis Náisiúnta Forbartha Turasóireachta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023 mar a cheanglaítear faoi fhorálacha alt 27 den Acht um Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta 2003. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir an Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102 — An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann agus áirítear leo

- ráiteas an ghrúpa ar ioncam agus caiteachas
- ráiteas an ghrúpa ar ioncam cuimsitheach
- ráiteas an ghrúpa ar staid airgeadais
- ráiteas an Údaráis ar staid airgeadais
- ráiteas an ghrúpa ar athruithe ar chothromas
- ráiteas an ghrúpa ar shreabhadh airgid, agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta.

I mo thuairim, seachas an neamh-chomhlíonadh le riachtanais an FRS 102 maidir le haitheantas do shócmhainn maoinithe sochair scoir iarchurtha le haghaidh ceann amháin de na scéimeanna pinsin (mínithe thíos), tugann na ráitis airgeadais léiriú fíor agus cothrom ar acmhainní, dlíteanais agus staid airgeadais an Údaráis Náisiúnta Forbartha Turasóireachta ar an 31 Nollaig 2023 agus ar a chuid ioncaim agus a chuid caiteachais don bhliain 2023 i gcomhréir le FRS 102.

Bunús na tuairime cáilithe ar ráitis airgeadais

Léiríonn ráiteas an ghrúpa ar staid airgeadais go raibh glandliteanais de €116 milliún ag an ngrúpa ag deireadh na bliana. Ina ainneoin sin, mhínigh an tÚdarás i Nóta 28 an bonn ar a measann sé go bhfuil sé cuí glacadh leis an mbonn gnóthais leantaigh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú.

NEAMH-AITHEANTAS SÓCMHAINNE PINSIN

Mar a mhínítear níos iomláine sna beartais chuntasaíochta, feidhmíonn an tÚdarás ceithre scéim pinsin. Nochtann ráiteas an ghrúpa ar staid airgeadais na hoibleagáidí sochair scoir fabhraithe iomlána faoi na ceithre scéim amhail an 31 Nollaig 2023 arbh fhiú €248.4 milliún iad (2022: €231 milliún).

Tá ráthaíochtaí reachtúla socraithe maidir le maoiniú íocaíochtaí pinsin amach anseo le haghaidh trí chinn de na scéimeanna pinsin. Mar thoradh air sin, aithníonn ráitis airgeadais an ghrúpa sócmhainn maoinithe sochair scoir iarchurtha de €103.8 milliún i leith na dtrí scéim sin.

Meastar gurb ionann na glanoibleagáidí sochair scoir faoi scéim aoisliúntais an Údaráis Náisiúnta Forbartha Turasóireachta (ÚNFT/NTDA) amhail an 31 Nollaig 2023 agus €144.6 milliún. Ní aithníonn na ráitis airgeadais sócmhainn maoinithe iarchurtha maidir leis an scéim sin ar an mbonn go measann an tÚdarás nár cuireadh ráthaíocht reachtúil nó ráthaíocht eile ar fáil dó maidir le maoiniú na scéime seo amach anseo. I mo thuairim, ba chóir go n-aithnítear sócmhainn maoinithe sochair scoir iarchurtha maidir leis an scéim pinsin sin i gcomhréir leis na cleachtais chuntasaíochta atá glactha go forleathan in Éirinn.

Measaím go bhfuil aitheantas do shócmhainn maoinithe sochair scoir iarchurtha i leith scéim aoisliúntais an NTDA bunaithe ar

- foráil reachtúil a dhéanamh i dtaobh scéim aoisliúntais an ÚNFT a bhunú
- polasaí agus cleachtas bunaithe maidir le maoiniú scoir seirbhíse poiblí oibleagáidí sochair ar bhonn íoc-mar-a-úsáidtear
- riachtanas na scéime go bhfuil ranníocaíochtaí fostaí de dhíth
- an próiseas do mheastacháin bhliantúla a dhéanann maoiniú an Stáit i gcomhair an Údaráis a rialú.

ÉIFEACHTAÍ AIRGEADAIS AN NEAMHCHOMHLÍONTA LE FRS102

Léiríonn ráiteas an ghrúpa ar staid airgeadais an 31 Nollaig 2023 go sáraíonn dliteanais iomlána an Údaráis (lena n-áirítear dliteanais phinsin) a shócmhainní iomlána, agus go bhfuil glandliteanais de €116 milliún aige. Más rud é gur aithin na ráitis airgeadais sócmhainn maoinithe sochair scoir iarchurtha maidir le scéim aoisliúntais an ÚNFT (i.e. €144.6 milliún), ansin d'fhoilseodh ráiteas an ghrúpa ar staid airgeadais go raibh glansócmhainní de €28.6 milliún ag an Údarás ar 31 Nollaig 2023.

BUNÚS AN INIÚCHTA

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (CII/ISA) arna bhfógairt ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na bhForas Iniúcháireachta Uachtarach. Tá cur síos ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar an Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta agus tá mo chuid freagrachtaí eiticíúla eile comhlíonta agam de réir na gcaighdeán.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta atá faighte agam chun bonn a chur le mo thuairim.

Tuairisc ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar ábhair eile

Tá faisnéis áirithe eile curtha i láthair ag an Údarás mar aon leis na ráitis airgeadais. Cuimsíonn sé seo an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas rialachais agus tuarascáil chomhaltaí an Údaráis, agus an ráiteas ar rialú inmheánach. Tá cur síos san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar mo fhreagrachtaí tuairisc a thabhairt maidir le faisnéis den sórt sin, agus ar ábhair áirithe eile ar a dtuairiscím trí eisceacht.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.



Seamus McCarthy

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste
21 LÚNASA 2024

Aguisín leis an tuarascáil

Freagrachtaí chomhaltaí an Údaráis

Mar atá sonraithe sa ráiteas rialachais agus tuarascáil chomhaltaí an Údaráis, tá comhaltaí an Údaráis freagrach as

- ráitis airgeadais bliantúil san fhoirm arna fhorordú faoi alt 27 Acht an Údaráis Náisiúnta Forbartha Turasóireachta 2003 a ullmhú
- ráitis airgeadais a thugann léargas fíor agus cothrom i gcomhréir le FRS 102 a chinntiú
- rialtacht na n-idirbhearta a chinntiú
- oiriúnacht úsáide bhonn chuntasaíochta ghnóthais leantaigh a mheas, agus
- an méid sin rialuithe inmheánacha agus is gá chun gur féidir ráitis airgeadais atá saor ó mhíríteas ábhartha, mar gheall ar chalaois nó ar bhotún, a ullmhú.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 27 den Acht um Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta 2003 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais an Údaráis Náisiúnta Forbartha Turasóireachta agus tuairisc a thabhairt orthu do Thithe an Oireachtais.

Is é an cuspóir atá agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam ná dearbhú réasúnta a fháil maidir le cibé an bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíríteas ábhartha de bharr calaoise nó earráide. Is leibhéal ard dearbhaithe é dearbhú réasúnta, ach ní ráthaíocht é go n-aimseoidh iniúchadh arna dhéanamh i gcomhréir leis na ISAnna míráiteas ábhartha i gcónaí nuair atá sé ann. Is féidir le míráiteas a eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, ina n-aonar nó ina n-iomláine, go bhféadfaí a bheith ag súil le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha na n-úsáideoirí a dhéantar ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na ISAs, feidhmím breithiúnas gairmiúil agus coimeádaim amhras gairmiúil ar feadh an iniúchta. Agus é sin á dhéanamh agam,

- Airgeadais, mar gheall ar chalaois nó ar bhotún; nósanna imeachta iniúchta a dhearadh agus a dhéanamh a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus fianaise iniúchta a fháil atá leordhóthanach agus oiriúnach chun bonn a sholáthar do mo thuairim. Tá an riosca nach mbraithfear míráiteas ábhartha mar thoradh ar chalaois níos airde ná an ceann a eascraíonn as earráid, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach mar a bhaineann sé leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchta atá oiriúnach do na cúinsí a dhearadh, ach nílim chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim oiriúnacht na bpolasaithe cuntasaíochta atá in úsáid agus réasúntacht meastacháin cuntasaíochta agus nochtaí gaolmhara a mheas.
- Déanaim cinneadh ar oiriúnacht úsáide an bhoinn chuntasaíochta ghnóthais leantaigh, agus bunaithe ar fhianaise bailithe san iniúchadh, ar an bhféidearthacht go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann maidir le himeachtaí agus le coinníollacha gur féidir amhras a chaitheamh ar chumas an Údaráis Náisiúnta Forbartha Turasóireachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má chinnim go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, ceanglaítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na nochtuithe gaolmhara sna ráitis airgeadais nó, mura leor na nochtuithe sin, mo thuairim a mhodhnú. Tá mo chonclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas suas go dtí dáta mo thuarascála. Mar

sin féin, d'fhéadfadh imeachtaí nó coinníollacha amach anseo a chur faoi deara go scoirfidh an tÚdarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta mar ghnóthas leantach.

- Déanaim leagan amach iomlán, struchtúr agus ábhar na ráitis airgeadais a mheas, na nochaí san áireamh, agus an ndéanann na ráitis airgeadais léiriú cothrom ar na hidirbhearta agus na himeachtaí bunaidh.

Déanaim cumarsáid leo siúd atá freagrach as rialachas maidir le, i measc nithe eile, scóip agus uainiú pleanáilte an iniúchta agus torthaí suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainaithnínm le linn m'iniúchta.

Tuairiscím trí eisceacht más rud é, i mo thuairim,

- nach bhfuair mé an t-eolas agus na mínithe uile a bhí ag teastáil do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun ligean dom iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais go héasca agus i gceart, nó
- nár réitigh na ráitis airgeadais leis na taifid chuntasaíochta.

FAISNÉIS SEACHAS NA RÁITIS AIRGEADAIS

Ní chlúdaíonn mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a cuireadh i láthair leis na ráitis sin, agus ní chuirim aon chonclúid dearbhaithe in iúl ina leith.

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na ISanna an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh agus, le linn dó déanamh amhlaidh, a bhreithniú cibé an bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó más dealraitheach go bhfuil míráiteas ábhartha ann ar shlí eile. Más rud é, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go dtugaim de thátal as go bhfuil míráiteas ábhartha maidir leis an bhfaisnéis eile seo, ceanglaítear orm an fhíric sin a thuairisciú.

TUAIRISCIÚ AR NITHE EILE

Déantar m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do na breithnithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena bhfeidhmiú. Tuairiscím má shainaithnínm ábhair ábhartha a bhaineann leis an mbealach a seoladh gnó poiblí.

Déanaim iarracht fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím má shainaithnínm aon chás ábhartha nár úsáideadh airgead poiblí chun na gcríoch a bhí beartaithe nó nár chloígh na hidirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Ráiteas Faoi Rialú Inmheánaigh

Scóip na Freagrachta

Thar ceann Fáilte Ireland, an tÚdarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta, admhaím freagracht an Bhoird as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú. Cuireann an fhreagracht seo san áireamh ceanglais an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016).

Aidhm an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun riosca a bhainistiú go leibhéal is féidir a ghlacadh seachas deireadh a chur leis. Ní féidir leis an gcóras, dá bhrí sin, ach ráthaíocht réasúnta seachas ráthaíocht iomlán a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath ar bhealach tráthúil.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh, a thagann le treoir arna eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe i bhfeidhm san Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023 agus suas go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais.

An Cumas chun Riosca a Láimhseáil

Tá Coiste Iniúchta, Riosca agus Clárúcháin ag an Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta ar a bhfuil ceathrar comhaltaí den Údarás. Tá saineolas airgeadais agus iniúchta ábhartha ag Cathaoirleach an Choiste. Tháinig an Coiste Iniúchta, Riosca agus Clárúcháin le chéile ceithre huairé in 2023. Tá feidhm iniúchta inmheánaigh bunaithe ag Fáilte Ireland, an tÚdarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta, a bhfuil a dhóthain acmhainní aici agus a reáchtálann clár oibre arna chomhaontú leis an gCoiste. D'fhorbair an Feidhmeannas, an Coiste Iniúchta Riosca agus Clárúcháin agus an tÚdarás beartas bainistíochta riosca agus creat inghlacthachta riosca a leagann amach a n-inghlactha riosca, na próisis bhainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus a shonraíonn ról agus freagrachtaí na foirne maidir le riosca. Eisíodh an beartas chuig gach ball foirne a bhfuiltear ag súil go n-oibreoidh siad laistigh de bheartais bhainistíochta riosca an Údaráis, chun an lucht bainistíochta a chur ar an airdeall maidir le rioscaí atá ag teacht chun cinn agus laigí rialaithe agus freagracht a ghlacadh as rioscaí agus rialuithe laistigh dá réimse oibre féin.

Creat Riosca agus Rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag Fáilte Ireland, an tÚdarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta, a shainaithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus na bearta bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm a shainaithníonn na príomhrioscaí atá roimh an eagraíocht agus tá siad seo aitheanta, measúnaithe agus grádaithe de réir a dtábhacht. Déanann an Feidhmeannas agus an Coiste an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn ráithiúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú go leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha is gá chun rioscaí a mhaolú agus freagracht as feidhmiú na rialuithe a shanntar do bhaill foirne ar leith. Deimhnímh go bhfuil timpeallacht rialaithe ina bhfuil na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm:

- go bhfuil nósanna imeachta maidir le gach príomhphróiseas gnó doiciméadaithe,
- gur sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal na bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach,
- go bhfuil córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil a choinníonn an bhainistíocht shinsearach faoi athbhreithniú,
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a áirithiú,
- go bhfuil córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint, agus
- nósanna imeachta rialaithe ar mhaoiniú deontais do ghníomhaireachtaí seachtracha, rialú imleor ar cheadú deontas a chinntiú agus monatóireacht agus athbhreithniú ar dheonaithe, lena chinntiú go bhfuil maoiniú deontais curtha i bhfeidhm don chuspóir a bhí beartaithe.

Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don bhainistíocht agus don Údarás nuair is ábhartha, go tráthúil.

Deimhnímh go bhfuil na córais leanúnacha monatóireachta seo a leanas i bhfeidhm:

- sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh a aithníodh a thuairisciú,
- tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais, agus
- déanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar thuairiscí feidhmíochta agus airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht i gcoinne buiséid/réamhaisnéisí.

Soláthar

Deimhnímh go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag Fáilte Ireland, an tÚdarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta chun comhlíonadh na rialacha agus na dtreoirlínte reatha soláthair a chinntiú agus gur chomhlíon an tÚdarás na nósanna imeachta sin i rith 2023. Tugadh faoi phróiseas trí luachan maidir le caiteachas ba cheart a bheith níos lú ná €50,000 bunaithe ar an gcaiteachas a rabhtas ag súil leis agus ar na luachana a fuarthas. Ba é €50,233 an tsuim deiridh a cuireadh ar an sonrasc, áfach, rud a sháraigh an próiseas trí luachan faoi €233 agus a chuaigh isteach i dtairseach Tairisceana Náisiúnta. Tháinig an cheist chun cinn mar gheall ar mhionchostais bhreise nach rabhtas ag súil leo a bhain le lucht freastail bhreise a tháinig ar lá na hócáide agus b'éigean an costas a ghlacadh. Thug Fáilte Ireland aghaidh ar an sárú tairsí tríd an nós imeachta a athrá don Aonad Gnó ábhartha.

Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag Fáilte Ireland, an tÚdarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta um bainistíocht riosca agus rialú. Tá monatóireacht agus athbhreithniú an Údaráis ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha, an Choiste Iniúcháireachta, Riosca agus Clárúcháin a dhéanann maoirsiú ar a gcuid oibre, agus an bhainistíocht shinsearach laistigh den eagraíocht atá freagrach as an bhforbairt agus cothabháil an chreata um rialú inmheánach airgeadais.

Deimhním go ndearnadh athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha don bhliain 2023 faoin 31 Márta 2024 agus gur cheadaigh an tÚdarás é ag a chruinniú ina dhiaidh sin ar an 11 Aibreán 2024.

Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh

Ní raibh aon saincheisteanna rialaithe inmheánaigh ann in 2023 a d'éiligh nochtadh a dhéanamh sna ráitis airgeadais seachas an t-ábhar thuas faoi sholáthar.

Ruth Andrews

Ruth Andrews Cathaoirleach

Dáta: 19/08/2024

Dónall Curtin

Dónall Curtin Comhalta Údaráis

Dáta: 19/08/2024



Ráiteas an Ghrúpa ar Ioncam agus Caiteachas

An bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023

	Nótaí	2023 €'000	2022 €'000
IONCAM:			
Deontais Oireachtais Infhaighte	2	196,288	282,972
Ioncam Eile	3	10,535	830
Fochuideachta – Ioncam Cíos	18	6	6
Glanmhaoiniú sochair scoir iarchurtha sa bhliain	27 (D)	2,782	3,136
Ioncam Iomlán		209,611	286,944
CAITEACHAS:			
Costais Oibriúcháin Ghinearálta:			
Cláir Shínithe (Slí an Atlantaigh Fhiáin, Baile Átha Cliath, Oirthear Ársa na hÉireann, Croílár Ceilte na hÉireann)	4	33,558	41,946
Margaíocht agus Forbairt Gnó	5	27,701	32,249
Cláir Forbartha Náisiúnta	6	18,725	19,680
Forbairt Oibríochtaí	7	17,812	62,545
Pá	8	44,095	40,735
Fochuideachta— Costais Riaracháin	18	48	48
Turasóireacht Éireann CTR – Íocaíochtaí Deontais	2	82,752	92,745
Caiteachas Iomlán		224,691	289,948
(Easnamh) / Barrachas roimh leithreasáí		(15,080)	(3,004)
Ús neamhrialaithe – Fochuideachta		11	11
Aistriú Ó / (Chuib) Cúlchistí Caipitil	22	3,671	1,648
(Easnamh) / Barrachas tar éis leithreasáí		(11,398)	(1,345)

Is cuid dhílis de na ráitis airgeadais seo an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus nótaí 1 go 31.

Ruth Andrews

Ruth Andrews Cathaoirleach

Dáta: 19/08/2024

Dónall Curtin

Dónall Curtin Comhalta Údaráis

Dáta: 19/08/2024

Ráiteas an Ghrúpa ar Ioncam Cuimsitheach

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023

	Nótaí	2023 €'000	2022 €'000
(Easnamh) / Barrachas don Bhliain		(11,398)	(1,345)
GNÓTHACHAIN ACHTUARACHAAR SCÉIMEANNA PINSIN			
GNÓTHACHAN/(CAILLTEANAS) Ó THAITHÍAR DHLITEANAIS SCÉIME PINSIN	27 (B)	(7,146)	89
Gnóthachan/(Caillteanas) de bharr athruithe ar thoirimh	27 (B)	(4,808)	107,932
GNÓTHACHAN / (CAILLTEANAS) ACHTÚIREACH		(11,954)	108,021
OIRIÚNACHTAR AN SÓCMHAINN UM CHISTE SOCHAIR SCOIR IARCHURTHA	27 (B)	5,956	(46,446)
Glanchoigeartú Iarchurtha Pinsin		(5,998)	61,575
Gnóthachan/(Caillteanas) Iomlán Aitheanta don Bhliain		(17,396)	60,230

Is cuid dhílis de na ráitis airgeadais seo an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus nótaí 1 go 31.



Ruth Andrews Cathaoirleach

Dáta: 19/08/2024



Dónall Curtin Comhalta Údaráis

Dáta: 19/08/2024

Ráiteas an Ghrúpa ar Staid Airgeadais

amhail an 31 Nollaig 2023

	Nótaí	2023 €'000	2022 €'000
SÓCMHAINNÍ SEASTA			
Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh	13	20,315	22,036
Sócmhainní Doláimhsithe	15	5,666	7,593
Sócmhainní Airgeadais	17	60	60
Réadmhaoin Infheistíochta	16	111	176
		26,152	29,865
SÓCMHAINNÍ REATHA			
Fardail		3	3
Deontais Oireachtais Infhaighte	19	-	12,900
Infháltas	19	1,302	1,483
Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid	20	22,283	39,301
		23,588	53,687
INÍOCTHA: SUIMEANNA ABHEIDHD LITELAISTIGH DE BHLIAIN AMHÁIN	21	(21,154)	(42,365)
GLAN SÓCMHAINNÍ REATHA		2,434	11,322
SÓCMHAINNÍ IOMLÁN LÚIDE DLITEANAIS REATHA ROIMH PHINSIN		28,586	41,187
Sócmhainn Mhaoinithe Sochar Scoir Iarchurtha	27 (D)	103,776	95,036
Oibleagáidí Sochair Scoir	27 (C)	(248,413)	(231,194)
SÓCMHAINNÍ IOMLÁN LÚIDE DLITEANAIS REATHATAR ÉIS PINSEAN		(116,051)	(94,971)
IONADACH AR			
Cúlchistí Ioncaim Coinnithe/(Easnamh)		(140,960)	(123,562)
Cuntas Caipitil	22	24,497	28,168
		(116,463)	(95,394)
ÚS NEAMH-RIALAITHE		412	423
		(116,051)	(94,971)

Is cuid dhílis de na ráitis airgeadais seo an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus nótaí 1 go 31.

Ruth Andrews

Ruth Andrews Cathaoirleach

Dáta: 19/08/2024

Dónall Curtin

Dónall Curtin Comhalta Údaráis

Dáta: 19/08/2024

Ráiteas an Údaráis ar Staid Airgeadais

amhail an 31 Nollaig 2023

	Nótaí	2023 €'000	2022 €'000
SÓCMHAINNÍ SEASTA			
Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh	13	18,662	20,341
Sócmhainní Doláimhsithe	15	5,666	7,593
Sócmhainní Airgeadais	17	58	58
Réadmhaoin Infheistíochta	16	111	176
		24,497	28,168
SÓCMHAINNÍ REATHA			
Fardail		3	3
Deontais Oireachtais Infhaighte	19	-	12,900
Infháltas	19	1,300	1,481
Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid	20	22,282	39,294
		23,585	53,678
INÍOCTHA: SUIMEANNA ABHEID HDLITELAISTIGH DE BHLIAIN AMHÁIN	21	(21,146)	(42,352)
GLAN SÓCMHAINNÍ REATHA		2,439	11,326
SÓCMHAINNÍ IOMLÁN LÚIDE DLITEANAIS REATHA ROIMH PHINSIN		26,936	39,494
Sócmhainn Mhaoinithe Sochar Scoir Iarchurtha	27 (D)	103,776	95,036
Oibleagáidí Sochair Scoir	27 (C)	(248,413)	(231,194)
SÓCMHAINNÍ IOMLÁN LÚIDE DLITEANAIS REATHATAR ÉIS PINSEAN		(117,701)	(96,664)
IONADACH AR			
Cúlchistí Ioncaim Coinnithe/(Easnamh)		(142,198)	(124,832)
Cuntas Caipitil	22	24,497	28,168
		(117,701)	(96,664)

The Statement of Cash Flows and notes 1 to 31 form an integral part of these financial statements.

Ruth Andrews

Ruth Andrews Cathaoirleach

Dáta: 19/08/2024

Dónall Curtin

Dónall Curtin Comhalta Údaráis

Dáta: 19/08/2024

Ráiteas an Ghrúpa ar Athruithe ar Chothromas

don bhliain dar críoch 31 Nollaig

	Ráiteas Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	Caipitil	NCI	IOMLÁN
	€'000	€'000	€'000	€'000
Ar 01 Eanáir 2022	(183,784)	29,816	434	(153,534)
Coinnithe (Easnamh) do 2022	(3,004)	-	-	(3,004)
Barrachas / (Easnamh) Fochuideachta Coinnithe do 2022	11	-	(11)	-
Aistriú Ó / (Chuig) Cúlchistí Caipitil	1,648	-	-	1,648
Ioncam a Úsáideadh chun Sócmhainní Seasta a Cheannach nó Íocaíochtaí Caipitiúla a Mhaoiniú	-	5,636	-	5,636
Amúchadh ar aon dul le Dímheas	(8)	(7,282)	-	(7,290)
Diúscairt Sócmhainní	-	(2)	-	(2)
Ioncam Cuimsitheach Eile – Pinsean	61,575	-	-	61,575
Ar 31 Nollaig 2022	(123,562)	28,168	423	(94,971)
Easnamh Coinnithe do 2023	(15,080)	-	-	(15,080)
Barrachas / (Easnamh) Fochuideachta Coinnithe do 2023	11	-	(11)	-
Aistriú Ó / (Chuig) Cúlchistí Caipitil	3,671	-	-	3,671
Ioncam a Úsáideadh chun Sócmhainní Seasta a Cheannach nó Íocaíochtaí Caipitiúla a Mhaoiniú	-	4,718	-	4,718
Amúchadh ar aon dul le Dímheas	-	(7,580)	-	(7,580)
Diúscairt Sócmhainní	-	(809)	-	(809)
Ioncam Cuimsitheach Eile – Pinsean	(6,000)	-	-	(6,000)
Ar 31 Nollaig 2023	(140,960)	24,497	412	(116,051)

Is cuid dhílis de na ráitis airgeadais seo an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus nótaí 1 go 31.

Ruth Andrews

Ruth Andrews Cathaoirleach

Dáta: 19/08/2024

Dónall Curtin

Dónall Curtin Comhalta Údaráis

Dáta: 19/08/2024

Ráiteas an Ghrúpa ar Shreabhadh Airgid

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023

	Nótaí	2023 €'000	2022 €'000
GLAN-SREAFÁÍ AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ OIBRIÚCHÁIN			
(Easnamh)/Barrachas tar éis Úis Neamhrialaithe		(11,398)	(1,345)
Ús Neamh-Rialaithe		(11)	(11)
Glanchaiteachas Sochair Scoir larchurtha		2,479	1,797
Dímheas ar Réadmhaoín, Ghléasra agus Threalamh	13	1,846	1,875
Dímheas ar Shócmhainní Doláimhsithe	15	5,776	5,457
Díscríobh ar Réadmhaoín, Ghléasra agus Threalamh		65	-
Aistriú chuig/(ó) Chuntas Caipitil	22	(3,671)	(1,648)
Ús Bainc a Fuarthas		-	-
(Brabús)/Cailteanas ar Dhíol Réadmhaoine, Gléasra agus Trealamh		744	2
Fáltais ó Dhíol Réadmhaoine		-	-
(Méadú)/Laghdú ar Infháltais	19	13,081	(643)
Méadú/(Laghdú) ar Iníoctha	21	(21,211)	10,518
(Méadú)/Laghdú ar Fhardail		-	-
GLAN-INSREABHADH/ EIS-SREABHADH AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ OIBRIÚCHÁIN		(12,300)	16,002
SREABHADH AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ INFHEISTÍOCHTA			
Íocaíochtaí chun Réadmhaoín, Gléasra agus Trealamh a Fháil	13	(819)	(1,728)
Íocaíochtaí chun Sócmhainní Doláimhsithe a Fháil	15	(3,899)	(3,908)
GLAN-INSREABHADH/ EIS-SREABHADH AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ INFHEISTÍOCHTA		(4,718)	(5,636)
SREABHADH AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ MAOINITHE			
Ús Bainc a Fuarthas		-	-
GLAN-INSREABHADH/(EIS-SREABHADH) AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ MAOINITHE		-	-
Glanmhéadú/ (laghdú) in airgead tirim agus coibhéisí airgid		(17,018)	10,366
AIRGEAD TIRIM AGUS COIBHÉISÍ AIRGID AG TÚS NA BLIANA		39,301	28,935
AIRGEAD TIRIM AGUS COIBHÉISÍ AIRGID AG DEIREADH NA BLIANA	20	22,283	39,301

Ruth Andrews

Ruth Andrews Cathaoirleach

Dáta: 19/08/2024

Dónall Curtin

Dónall Curtin Comhalta Údaráis

Dáta: 19/08/2024

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

An bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023

1. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

Is iad seo a leanas na beartais shuntasacha chuntasaíochta ar glacadh leo sna ráitis airgeadais seo:-

EOLAS GINEARÁLTA AGUS COINBHINSIÚN CUNTAIS

Bunaíodh Fáilte Ireland faoin Acht um Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta 2003. Áirítear ar a phríomhfheidhmeanna mar a shonraítear sa reachtaíocht:

- Spreagadh, cur chun cinn agus tacú le forbairt tráchta turasóireachta laistigh agus chuig an stát agus tacú le fiontair agus tionscadail ina leith seo.
- Earcaíocht, oiliúint agus oideachas agus forbairt daoine a spreagadh, a chur chun cinn agus tacú leo chun críche fostaíochta le tionscal na turasóireachta.
- Taighde agus pleanáil a chur chun cinn agus dul ina bhun.
- Cláir áiseanna cóiríochta a bhunú agus a chothabháil.
- Aonán Tairbhe Poiblí is ea Fáilte Ireland.

RÁITEAS COMHLÍONTA

Ullmhaíodh ráitis airgeadais Fáilte Ireland don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023 de réir Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme sa RA agus in Éirinn arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais (CTA). Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016.

BUNÚS AN ULLMHÚCHÁIN

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, ach amháin i gcás sócmhainní agus dliteanais áirithe a thomhaistear ag luachanna córa mar a mhínítear sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais san fhoirm atá ceadaithe ag an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán le comhthoiliú an Aire Caiteachais Phoiblí Sheachadadh PFN agus Athchóirithe faoin Acht um Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta 2003. Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach chun déileáil le míreanna a mheastar a bheith ábhartha maidir le ráitis airgeadais Fáilte Ireland.

DEONTAIS OIREACHTAIS

Léiríonn na deontais a léirítear sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais na méideanna infhaighte i leith na tréimhse. Is trí Fáilte Ireland a mhaoinítear gach maoiniú Deontas Oireachtais do Thurasóireacht Éireann CTR. Tarlaíonn ioncam deontais iarchurtha nuair nach mbíonn caiteachas pleanáilte maidir leis na deontais a fuarthas tabhaithe faoi dheireadh na bliana.

DEONTAIS INÍOCHTA

Aithnítear caiteachas deontais sa tréimhse ina ndéanann an faighteoir an ghníomhaíocht deontais a chruthaíonn teidlíocht don deontas. Tarlaíonn an t-ioncam réamhíochta nuair a fhaigheann Fáilte Ireland ioncam táillí roimh an tréimhse lena mbaineann sé.

IONCAM EILE

Aithnítear gach ioncam, seachas ioncam cíosa, nuair is dócha go sreabhfaidh an sochar eacnamaíoch a bhaineann leis an idirbheart chuig an nGrúpa agus nuair is féidir an t-ioncam a thomhas go hiontaofa. Aithnítear ioncam cíosa de réir méid cothrom thar théarma an léasa ábhartha.

AIRGEADRAÍ EACHTRACHA

Meastar gur euro é airgeadra feidhmiúil agus cur i láthair na máthairchuideachta agus an ghrúpa toisc gurb é sin airgeadra na príomhthimpeallachta eacnamaíoch ina bhfeidhmíonn siad.

Déantar idirbhearta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha a thiontú go euro ag ráta caighdeánach comhaontaithe don bhliain. Áirítear gnóthachain agus caillteanais mhalartaithe réadaithe ar idirbhearta a socraíodh i rith na bliana sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain. Déantar sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha a thiontú go euro ag rátaí malairte atá i bhfeidhm ar an dáta tuairiscithe agus áirítear gnóthachain agus caillteanais dá bharr sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais ar lean

An bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023

RÉADMHAOIN, GLÉASRA AGUS TREALAMH AGUS DÍMHEAS

Sonraítear Réadmhaoín, Gléasra agus Trealamh faoin tsamhail chostais ag costas stairiúil lúide dímhéas carntha agus aon chailleanais bhearnaithe carntha. Áirítear leis an gcostas stairiúil caiteachas atá inchurtha go díreach i leith na sócmhainne a thabhairt chuig an suíomh agus an riocht is gá le go mbeidh sí in ann feidhmiú ar an modh atá beartaithe ag an mbainistíocht.

Cuireann an chuideachta le suim ghlanluacha earra de shócmhainní seasta an costas a bhaineann le cuid d'earra den sórt sin a athsholáthar nuair a thabhaítear an costas sin má táthar ag súil go gcuirfidh an chuid athsholáthair sochair incriminteacha amach anseo don chuideachta. Cuirtear deisiúcháin agus cothabhála de mhúirear ar an Ráiteas loncaim agus Caiteachais le linn na tréimhse ina dtabhaítear iad.

Gearrtar dímhéas chun costas na sócmhainní lúide a luach iarmharach a leithdháileadh thar na saolta úsáideacha measta, ag baint úsáide de réir méid cothrom ag na rátaí bliantúla atá leagtha amach thíos.

Talamh:	0%
Trealamh Ríomhaireachta:	33⅓% De réir méid cothrom
Troscán & Feistis:	20% De réir méid cothrom
Trealamh Ginearálta:	20% De réir méid cothrom
Áitreabh faoi úinéireacht:	2% De réir méid cothrom
Áitreabh ar Léas:	% Líne Dhíreach thar thréimhse an léasa

Déantar luachanna iarmharacha, saolréanna úsáideacha agus modhanna dímhéasa na sócmhainní a athbhreithniú, agus a choigeartú go hionchasach más cuí, nó má thugtar le fios go bhfuil athrú suntasach tagtha ar an dáta tuairiscithe deiridh.

Déantar Sócmhainní Oidhreacht a thaifeadadh ag costas lúide dímhéas agus déantar iad a nótaíl ar leithligh i Nóta 14 faoi Réadmhaoín, Gléasra agus Trealamh – Sócmhainní Oidhreacht.

SÓCMHAINNÍ SEASTA DOLÁIMHSITHE

Luaitear Sócmhainní Seasta Doláimhsithe faoin tsamhail chostais ag costas stairiúil lúide dímhéas carntha agus aon chailleanais bhearnaithe carntha, nuair atá an tsócmhainn ar fáil dá húsáid bheartaithe. Áirítear sa chostas stairiúil caiteachas atá inchurtha go díreach i leith na sócmhainne a ullmhú dá húsáid bheartaithe. I gcás ina mbaineann na costais le sócmhainn nach bhfuil ar fáil don úsáid atá beartaithe di, coinneofar an costas ag an gcostas stairiúil agus ní dhéanfar é a dhímheas go dtí go mbeidh sé ar fáil don úsáid a bheartaítear di.

Gearrtar dímhéas chun costas na sócmhainní lúide a luach iarmharach a leithdháileadh thar na saolta úsáideacha measta, ag baint úsáide as an modh de réir méid cothrom ag an ráta bliantúil 33⅓%.

Déantar luachanna iarmharacha, saolréanna úsáideacha agus modhanna dímhéasa na sócmhainní a athbhreithniú, agus a choigeartú go hionchasach más cuí, nó má thugtar le fios go bhfuil athrú suntasach tagtha ar an dáta tuairiscithe deiridh.

Cuimsíonn sócmhainní doláimhsithe an Údaráis gach costas inchurtha go díreach is gá chun an tsócmhainn a chruthú, a tháirgeadh agus a ullmhú le bheith in ann feidhmiú ar an modh atá beartaithe ag an mbainistíocht. Áirítear leis na sócmhainní seo forbairt ar shuíomh gréasáin, costais ghrianghraf/físeáin, chruthaitheachta agus ábhair.

SÓCMHAINNÍ INFHEISTÍOCHTA

Cuimsíonn Sócmhainní Infheistíochta talamh agus foirgnimh le luach taitneamhachta amháin agus luaitear iad ag costas stairiúil.

Déantar réadmhaoín infheistíochta ar féidir luach cóir a thomhas ina leith go hiontaofa gan chostas nó iarracht mhíchúí ar bhonn leanúnach a thomhas ag luach cóir gach bliain agus aithnítear aon athrú sa Ráiteas loncaim agus Caiteachais. Déantar sócmhainní infheistíochta atá ar díol a athluacháil ag a bpraghas díola ionchais.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais ar lean

An bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023

SÓCMHAINNÍ AIRGEADAIS

Áirítear le sócmhainní airgeadais leasanna cothromais i líon na n-eintiteas mar a shonraítear i Nóta 17. Léirítear na sócmhainní seo ag costas lúide bearnú seachas ag luacháil mar nach bhfuil luacháil praiticiúil mar gheall ar nádúr na n-infheistíochtaí agus mar

- (a) níl aon praghsanna luaite ar fáil do shócmhainní comhionanna ar mhargadh gníomhach
- (b) níl aon praghsanna ar idirbhearta le déanaí ar shócmhainní comhionanna agus
- (c) níl aon mhodh ann chun praghas idirbhirt a chinneadh bunaithe ar mhalartú ar neamhthuilleamaí arna spreagadh ag gnáthchúinsí gnó.

Ina theannta sin, sháródh an costas a bhaineann le luacháil na sócmhainní an tairbhe a baineadh amach agus níl aon rún ann na hinfeistíochtaí sin a dhiúscairt sa todhchaí intuartha.

CUNTAS CAIPITIL

Léiríonn an Cuntas Caipitil luach neamhamúchta an ioncaim a úsáidtear chun críocha caipitil. Déantar aistrithe idir cúlchistí ioncaim agus cúlchistí caipitil gach bliain chun maoiniú caipitil na heagraíochta, leasanna airgeadais san áireamh, a chur ar chomhchéim le glanluach leabhar a sócmhainní.

INFHÁLTAIS

Ní bhíonn eilimint shuntasach maoinithe in infháltais agus déantar iad a thomhas ag a bpraghas idirbhirt ar an aitheantas tosaigh. Déantar athbhreithniú ar infháltais le haghaidh táscairí lagaithe agus díscríobhtar drochfhiacha sa tréimhse ina dtagann siad chun cinn.

FARDAIL

Déantar fardail a luacháil ag an gcostas nó ag an nglanluach inréadaithe, cibé acu is ísle.

Déantar athbhreithniú ar mhéid tugtha anonn na bhfardal le haghaidh táscairí lagaithe ag gach dáta tuairiscithe. Má tá fianaise oibiachtúil ar bhearnú, aithnítear cailleanas bearnaithe sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais.

LÉASANNA OIBRIÚCHÁIN

Gearrtar cíós a íoctar faoi léasanna oibriúcháin ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais ar bhonn dronlíneach thar thréimhse an léasa.

SOCHAIR FOSTAITHE

(A) SOCHAIR SCOIR

Feidhmíonn an tÚdarás scéimeanna sochair shainithe trí cheithre scéim neamhspleácha éagsúla, eadhon:

- * (Plean Pinsin Ranníocach agus Sochair Báis (dúnta d'iontrálaithe nua) (CERT roimhe seo)
- * Scéim Pinsin na hEagraíochta Turasóireachta Réigiúnach (dúnta d'iontrálaithe nua)
- * Scéim Aoisliúntais an Údaráis Náisiúnta Forbartha Turasóireachta
- Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair

* Maoinítear trí cinn de na scéimeanna go bliantúil ar bhonn íoc mar a úsáidtear ó airgead a sholáthraíonn an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus ó ranníocaíochtaí a bhaintear as tuarastail na foirne. Is í an ceathrú scéim, a mhaoinítear freisin ar bhonn íoc mar a úsáidtear, ná an Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair. Déantar gach ranníocaíocht fostaithe a bhailítear a chur ar ais ar bhonn míosúil chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe.

PLEAN PINSIN RANNÍOCACH AGUS SOCHAIR BÁIS (DÚNTA D'IONTRÁLAITHE NUA) (CERT ROIMHE SEO)

Aithnítear sócmhainn chun forálacha an Achta um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009 a léiriú. Faoin Acht nuair nach leor comhiomlán na gcomhaltaí agus ranníocaíochtaí Fáilte Ireland leis an scéim chun oibleagáidí Fáilte Ireland a chomhlíonadh maidir lena oibleagáidí pinsin a íoc de réir na scéime, déanfaidh an tAire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe aon easnamh as cistí a sholáthróidh an tOireachtas a shlánú.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais ar lean

An bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023

SCÉIM PINSIN NA HEAGRAÍOCHTA TURASÓIREACHTA RÉIGIÚNACH (DÚNTA D'IONTRÁLAI THE NUA)

Aithnítear sócmhainn chun forálacha an Achta um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009 a léiriú. Faoin Acht nuair nach leor comhiomlán na gcomhaltaí agus ranníocaíochtaí Fáilte Ireland leis an scéim chun oibleagáidí Fáilte Ireland a chomhlíonadh maidir lena oibleagáidí pinsin a íoc de réir na scéime, déanfaidh an tAire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe aon easnamh as cistí a sholáthróidh an tOireachtas a shlánú.

SCÉIM AOISLIÚNTAIS AN ÚDARÁIS NÁISIÚNTA FORBARTHA TURASÓIREACHTA

In 2014 d'iarr an tÚdarás dearbhú ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe go raibh feidhm ag forálacha comhchosúla leo siúd atá san Acht um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009 maidir le Scéim Aoisliúntais an Údaráis Náisiúnta Forbartha Turasóireachta.

Fuair an tÚdarás deimhniú, cé nach bhfuil aon ráthaíocht fhollasach ann go gcuirfear cistí ar fáil i gcónaí, go nglacann an tAire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe leis gur toimhde réasúnach é leanúint le maoiniú Stáitchiste do chomhlachtaí ábhartha maoinithe ag an Stáitchiste a bhfuil cuntais fabhráithe agus íoc-mar- scéimeanna le déanamh acu. Toisc nach dtugann sé seo cinnteacht don Údarás go soláthróidh an tOireachtas aon easnamh sa chiste, dá réir amhail ar an 31 Nollaig 2013 leasaigh an tÚdarás a bheartas cuntasáíochta chun gan sócmhainn a aithint a thuilleadh i leith an dliteanais iarchurtha don Scéim Aoisliúntais an Údaráis Náisiúnta Forbartha Turasóireachta.

Níl aon sócmhainn chomhfhreagrach aitheanta do Scéim Aoisliúntais an Údaráis Náisiúnta Forbartha Turasóireachta toisc nach ndéantar tagairt don scéim sa reachtaíocht thuas.

SCÉIM PINSIN SEIRBHÍSE POIBLÍ AONAIR (SCÉIM AONAIR)

Feidhmíonn Fáilte Ireland an Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair (Scéim Aonair), arb í an scéim sochair shainithe í do sheirbhíshigh phoiblí inphinsin a ceapadh ar nó tar éis an 1 Eanáir 2013. Íoctar ranníocaíochtaí chomhaltaí na Scéime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe (RCPSPFNA). Forálann Alt 44 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012 do mhaoiniú íocaíochtaí pinsin de réir mar a bhíonn siad dlite trí íocaíochtaí as an bPríomh-Chiste nó as cistí a sholáthraíonn an tOireachtas chun na críche sin.

Léiríonn costais phinsin na sochair phinsin atá tuillte ag fostaithe sa tréimhse. Taispeántar na costais glán ó ranníocaíochtaí pinsin foirne a choinníonn Fáilte Ireland agus a úsáidtear chun an dliteanas pinsin foriomlán don bhliain a urscaoileadh ach amháin na ranníocaíochtaí le Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí Aonair, tarchuirtear ranníocaíochtaí chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe ar bhonn míosúil. Aithnítear méid atá comhionann leis an muirear pinsin mar ioncam sa mhéid is go bhfuil sé in-aisghabhála.

Léirítear gnóthachain nó cailteanais achtúireacha a eascraíonn as dliteanais agus sócmhainní scéime sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach don phlean pinsin ranníocach agus sochar báis (CERT roimhe seo), scéim pinsin na nEagraíochtaí Turasóireachta Réigiúnacha agus Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí Aonair sa mhéid is inghnóthaithe ón Stáitchiste chun forálacha an Achta um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009 agus Acht na bPinsean Seirbhíse Poiblí (scéim singil agus forálacha eile) 2012 a léiriú.

Léiríonn Oibleagáidí Sochair Scoir luach reatha na n-íocaíochtaí pinsin amach anseo atá tuillte ag baill na scéimeanna go dtí seo. Tá dliteanais na scéime amhail an 31 Nollaig 2023 arna luacháil ag achtúire neamhspleách ag baint úsáide as modh an aonaid réamh-mheasta.

(B) SOCHAIR GHEARRTHÉARMACHA

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha ar nós pá saoire mar speansas sa bhliain, agus áirítear sochair a fhabhraítear ag deireadh na bliana san fhigiúr Iníoctha sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais.

BREITHIÚNAIS AGUS MEASTACHÁIN CHUNTASAÍOCHTA CRITICIÚLA

Éilíonn ullmhú na ráiteas airgeadais ar an mbainistíocht breithiúnais, meastacháin agus boinn tuisceana a dhéanann difear do na méideanna a thuairiscítear do shócmhainní agus dliteanais amhail an dáta tuairiscithe agus na méideanna a thuairiscítear le haghaidh ioncain agus speansas i rith na bliana. Mar sin féin, ciallaíonn nádúr an mheastacháin go bhféadfadh na torthaí iarbhir a bheith difriúil ó na meastacháin sin. Bhí an tionchar is suntasaí ag na breithiúnais seo a leanas ar mhéideanna aitheanta sna ráitis airgeadais.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais ar lean

An bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023

Lagú ar Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh agus ar Shócmhainní Doláimhsithe agus Dímheas

Déantar athbhreithniú ar shócmhainní atá faoi réir amúchta le haghaidh bearnaithe nuair a thugann imeachtaí nó athruithe ar chúinsí le fios go bhféadfadh sé nach mbeadh an tsuim ghlanluacha in-aisghabhála. Aithnítear caillteanas lagaíthe don mhéid a sháraíonn suim ghlanluacha na sócmhainne a méid in-aisghabhála. Is é an méid in-aisghabhála cibé acu is airde de luach cóir sócmhainne lúide costas díola agus luach úsáide. Chun bearnú a mheas, déantar sócmhainní a ghrúpáil ag na leibhéil is ísle a bhfuil sreafaí airgid inaitheanta go leithleach (aonaid ghiniúna airgid). Déantar athbhreithniú ar shócmhainní neamhairgeadais a d'fhulaing lagú le haghaidh aisiompú féideartha an bhearnaithe ag gach dáta tuairiscithe.

Dímheas agus Luachanna Iarmharacha

Tá athbhreithniú déanta ag an mbainistíocht ar shaolréanna sócmhainní agus ar luachanna iarmharacha gaolmhara na n-aicmí sócmhainní seasta go léir agus tá siad tar éis teacht ar an gconclúid go bhfuil saolta sócmhainní agus luachanna iarmharacha oiriúnach.

Oibleagáid Sochair Scoir

Déantar na boinn tuisceana is bun leis na luachálacha achtúireacha dá gcinntear na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí ardaithe ar leibhéil cúitimh amach anseo, rátaí básmhaireachta agus rátaí treochta costais chúram sláinte) go bliantúil bunaithe ar dhálaí eacnamaíocha reatha agus aon athruithe ábhartha ar théarmaí agus coinníollacha na bpleananna pinsin agus iar-scoir.

Is féidir leis na nithe seo a leanas tionchar a imirt ar na boinn tuisceana:

- an ráta lascaine, athruithe ar an ráta toraidh ar bhannaí corparáideacha ardcháilíochta
- leibhéil cúitimh sa todhchaí, coinníollacha an mhargaidh saothair amach anseo
- rátaí treochta costais cúram sláinte, an ráta boilscithe costais leighis sna réigiúin ábhartha

Deontais Chaipitil

Mar atá leagtha amach sa bheartas cuntasáíochta maidir le deontais iníochta, aithnítear caiteachas sa tréimhse ina ndéanann an faighteoir gníomhaíocht deontais nó sásaítear Príomhtháscairí feidhmíochta a chruthaíonn teidlíocht don tacaíocht deontais agus a chomhlíonann na coinníollacha deontais sonraithe. Soláthraíonn an tÚdarás deontais chaipitil do chomhlachtaí príobháideacha agus poiblí araon le tionscadail turasóireachta. Is féidir moill shuntasach a bheith ann maidir le héilimh a chur faoi bhráid an Údaráis le haghaidh íocaíochta. Aithníonn na ráitis airgeadais fabhrú i ndáil le caiteachas arna thabhtú ag deontaithe ach nach bhfuil á éileamh go fóill (nóta 21). Maidir le tionscadail chaipitil, tá cuid shuntasach den fhabhrú seo bunaithe ar mheastacháin a sholáthraíonn deontaithe ar bhonn caiteachais a thabhtaítear ar thionscadail chaipitil.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais ar lean

An bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023

2. DEONTAIS AN OIREACHTAIS ATÁ INFHAIGHTE DON BHLIAIN

	2023				2022		
	Fáilte Éireann	Fáilte Éireann	Turasóireacht Éireann CTR	Iomlán	Fáilte Éireann	Turasóireacht Éireann CTR	Iomlán
	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
A3 (E3) Deontas Fáilte Ireland							
Costais Oibriúcháin Ghinearálta	91,086	-	-	91,086	144,288	-	144,288
Forbairt Chaipitil	3,050	-	-	3,050	3,050	-	3,050
A5 (E5) Ciste Margaíochta Turasóireachta	8,536	-	46,350	54,886	8,344	67,085	75,429
A5 (E5) Ciste Caipitil Margaíochta Turasóireachta	-	-	7,040	7,040	-	7,040	7,040
A4 (E4) Riarachán & Costais Turasóireacht Éireann CTR	-	-	20,762	20,762	-	18,620	18,620
A6 (E6) Forbairt Táirge Turasóireachta	18,000	(12,900)	-	5,100	34,545	-	34,545
A6 (E6) Ioncam Caipitil larchurtha arna scaoileadh *	-	5,764	-	5,764	-	-	-
A7 BAR	-	-	7,750	7,750	-	-	-
D8 Corn Ryder	-	-	850	850	-	-	-
	120,672	(7,136)	82,752	196,288	190,227	92,745	282,972

